# 5. Cur Síos ar an Tionscadal

## 5.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, is nuashonrú é seo ar Chaibidil 5 den TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas ar cheadú N6 GCRR atá beartaithe de bhun Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) ("Iarratas Alt 51"). Is cuid den fhreagairt í ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar thuilleadh faisnéise i mí na Nollag 2023 tráth ar iarr sé (in éineacht le roinnt iarrataí eile) ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an "Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Nuashonrú". Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an Tionscadal ar a ndéantar tuairisc níos sonraí thíos chun críocha an MTT, rud ar a ndéantar breithniú agus measúnú sna caibidlí dá éis seo sa TMTT nuashonraithe. I gcás ina ndearnadh athruithe i ndiaidh TMTT 2018, leagadh amach iad sin sa chaibidil nuashonraithe seo.

Cuimsítear leis an N6 GCRR atá beartaithe, ábhar Iarratas Alt 51, thart ar 5.6km de charrbhealach singil ón taobh thiar de Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus thart ar 11.9km de dhébhealach ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín chuig an gceangal thoir leis an N6 atá ann cheana féin i gCúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, agus bóithre ceangail gaolmhara, taobh-bhóithre, acomhail, struchtúir agus oibreacha áitiúla do na líonraí dáileacháin agus tarchuir leictreachais atá ann cheana féin (go sonrach iad sin ina bhfuil atreorú ar na seirbhísí 110kV agus 38kV). Is bóthar cosanta é an chuid den N6 GCRR atá beartaithe ón gceangal le Bóthar an Chósta R336 ó Acomhal Leitrí an N59[1] agus is mótarbhealach í an chuid ón acomhal seo chuig an gceangal leis an N6 atá ann cheana féin i gCúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Tá an léargas ginearálta seo ar an N6 GCRR atá beartaithe fós mar an gcéanna de réir an iarratais ar cheadú in 2018.

I gcinneadh an Bhoird Pleanála maidir le hIarratas Alt 51, a rinneadh i leith an N6 GCRR beartaithe ar an 6 Nollaig 2021 (uimh. thag. ABP-302848-18), agus ag tabhairt faoi dear gur cuireadh an cinneadh seo ar neamhní le toiliú an ABP, d'fhorchuir an ABP coinníoll sa chinneadh sin lena n-éilítear stáblaí buana Ráschúrsa na Gaillimhe a fhágáil ar lár. Dá thoradh sin, chun feidhmiúlacht Ráschúrsa na Gaillimhe a chinntiú le linn tógála agus oibríochta an N6 GCRR atá beartaithe, chuir Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe isteach ar chead pleanála le haghaidh stáblaí sealadacha agus buana agus forbartha lena mbaineann, ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead ina leith an 2 Nollaig 2024 (Tagairt 24/60279). Dá bhrí sin, is athrú é seo ó Iarratas Alt 51 in 2018 ina raibh na stáblaí sealadacha agus na stáblaí buana araon ina gcuid den Iarratas Alt 51 sin in 2018.

Déanfar na stáblaí atá ann cheana féin sa ráschúrsa a scartáil mar chuid de thógáil an N6 GCRR atá beartaithe. Mar a leagtar amach san iarratas sin ar chead pleanála a rinne Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe (tagairt 24/60279) agus mar a leagtar amach i gcoinníoll Uimh. 3 atá san áireamh i ndeonú an cheada pleanála sin ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ní chuirfear an cead pleanála sin i bhfeidhm ach amháin má cheadaítear an N6 GCRR atá beartaithe agus má théann sé ar aghaidh. Ar an mbonn céanna, ní féidir na stáblaí buana a thógáil go dtí go gcuirfear tógáil agus aistriú an N6 GCRR oibríochtúil i gcrích. Dá thoradh seo, is gá stáblaí sealadacha a chur ar fáil le haghaidh oibríocht leanúnach an ráschúrsa le linn a scartáil na stáblaí atá ann cheana féin agus stáblaí buana nua ionaid do bheith á gcoimisiúnú. Dá bhrí sin, tá gá leis na stáblaí sealadacha seo a bheith i mbun oibre go hiomlán sula gcuirfear tús le scartáil na stáblaí atá ann cheana féin. Cé go ndearnadh agus go ndéantar dul chun cinn ar leithligh ar an iarratas ar thoiliú forbartha de bhun Alt 51 d'Acht na mBóithre (arna leasú) maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe agus ar an iarratas ar chead pleanála maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe ("Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe um Chead Pleanála") ar eisíodh cead

[1] Ciallaíonn bóthar cosanta bóthar poiblí nó bóthar beartaithe atá poiblí agus atá sonraithe le bheith ina bhóthar cosanta i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála. Féadfar foráil a dhéanamh i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála um thoirmeasc, dhúnadh, athrú, atreorú nó srianadh aon rochtana sonraithe nó gach bealach díreach rochtana ar an mbóthar cosanta ón talamh sonraithe arna húsáid um chuspóir sonraithe nó chuig an talamh sin ón mbóthar cosanta.

pleanála ina leith, tá na forbairtí sin ina gcuid den Tionscadal a ndéantar scrúdú agus measúnú air sa TMTT nuashonraithe seo.

Dá bhrí sin, is gá chun críocha Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus Measúnacht Chuí (MC) measúnú a dhéanamh ar gach gné den N6 GCRR ata beartaithe agus ar an bhforbairt atá beartaithe i Ráschúrsa na Gaillimhe araon, dá dtagraítear chun críocha MTT agus MC mar an "Tionscadal" agus go ndearnadh breithniú agus measúnú ina leith sa TMTT nuashonraithe seo agus i dTuarascáil Scagtha nuashonraithe MC agus sa Ráiteas Tionchair Natura nuashonraithe.

Dá bhrí sin, tagraíonn an téarma Tionscadal, nuair a úsáidtear síos tríd an TMTT nuashonraithe seo é, don N6 GCRR atá beartaithe agus don fhorbairt atá beartaithe araon ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

Déan tagairt d'Fhíoracha 5.1 go 5.15 do mhéideanna iomlána an Tionscadail.

Tá an Tionscadal lonnaithe i nGaillimh mar a léirítear i bhFíor 1.1 agus is ionann an t-achar iomlán laistigh de lorg iomlán Theorann Measúnachta an Tionscadail agus thart ar 334ha. In TMTT 2018, ba é 280ha an t-achar iomlán laistigh de lorg iomlán na teorann forbartha. Is mar gheall ar na tailte breise atá san áireamh i Ráschúrsa na Gaillimhe, chun críocha iarratais ar chead pleanála ag Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe, an méadú 54ha a bhaineann leis an bhforbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe ar tugadh cead pleanála ina leith. As an achar iomlán sin, tá gá le hachar thart ar 180ha d'oibreacha tógála an N6 GCRR atá beartaithe.

## 5.2 Cúlra leis an N6 GCRR atá Beartaithe

Mar a pléadh i gCaibidil 4, Roghanna eile a Breithníodh, breithnítear roinnt srianta fisiciúla agus comhshaoil i dteacht chun cinn an N6 GCRR atá beartaithe, amhail Cathair na Gaillimhe, Loch Coirib, Abhainn na Gaillimhe, Cuan na Gaillimhe agus an timpeallacht nádúrtha máguaird, láithreáin ainmnithe chomh maith leis na srianta a bhaineann le timpeallacht thógtha na cathrach féin. Cuimsíodh gnéithe sa dearadh, a cheadaigh don N6 GCRR atá beartaithe tionchair dhíreacha nó indíreacha ar ghabhdóirí íogaire comhshaoil a sheachaint nó a laghdú, lena n-áirítear daoine agus gnólachtaí a d'fhéadfadh go gcuirfí as iad.

Áirítear iad seo a leanas i measc na mbeart seachanta atá cuimsithe i ndearadh an N6 GCRR atá beartaithe:

- Droichead thar Abhainn na Gaillimhe agus gan aon chéanna le sruth agus na céanna suite i gceantair nach gnáthóg Iarscríbhinn I iad
- Struchtúr tarbhealaigh a shíneann ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe le trasnú aige
- Tarbhealach os cionn gnáthóige nach bhfuil ainmnithe mar ghnáthóg tosaíochta faoi Iarscríbhinn I i Mionlach
- Tollán faoi bhun coda cúinge de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) Abhainn na Gaillimhe i Mionlach i gCairéal Leacaigh
- Balla coinneála ar an taobh theas den N6 GCRR atá beartaithe ag thart ar Ch. 9+880 go Ch. 10+050 agus ar an dá thaobh den N6 GCRR atá beartaithe ag thart ar Ch. 10+850 go Ch. 11+150 chun an cúngach ar ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de SAC Abhainn na Gaillimhe a sheachaint
- Balla coinneála ar an taobh theas den N6 GCRR atá beartaithe ag thart ar Ch. 8+340 go Ch. 8+380 chun an tionchar féideartha ar réadmhaoin príobháideach a laghdú
- Struchtúr Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe faoin ráschúrsa
- Leis an N6 GCRR atá beartaithe a ísliú ó thardhroichead go hacomhal comhréidh ar Bhóthar na Ceapaí agus a athrú ó thardhroichead ar Bhóithrín Uí Eidhin, sa Chaisleán Gearr ó bheith ina ghearradh chuig crosaire comhréidh, chun na tionchair fhéideartha ar aonaid réadmhaoine phríobháideacha a laghdú

- Acomhal Leitrí an N59 a bhogadh níos faide siar agus Acomhal Chúil Each a athrú chun áiteanna cónaithe príobháideacha a sheachaint

Trí na struchtúir thuas a chur ar fáil mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe (atá fós mar a bhí siad in TMTT 2018), bhí sé níos éasca ceantair faoi líon mór daoine i gCathair na Gaillimhe a sheachaint agus ní raibh réadmhaoine breise a fháil.

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, de bhreis ar Iarratas Alt 51 a chur isteach in 2018 agus an freagra ina dhiaidh sin ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise in 2019, cuireadh mionathruithe agus a measúnachtaí comhshaoil lena mbaineann i láthair ar an N6 GCRR atá beartaithe ag tús na héisteachta ó bhéal roimh an mBord Pleanála i mí Feabhra 2020, is iad sin:

- Athruithe ar an maolú atá beartaithe do Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe (ar a tugadh ONÉG roimhe seo)
- Ailíniú eile leis an gcuid theas de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire trí champas Boston Scientific

Beartaíodh tuilleadh mionathraithe ar an N6 GCRR atá beartaithe le linn na héisteachta ó bhéal agus cuireadh i láthair iad ar shraith líníochtaí a áiríodh i Sceideal na dTiomantas ar an 4 Samhain 2020[2]. Áiríodh an tsraith líníochtaí sin ó thús in Aguisín A.9.1 de IFB 2019 agus tugadh cothrom le dáta iad le linn na héisteachta ó bhéal. Léirítear an leagan deiridh de na líníochtaí seo mar Fhíoracha 5.6.01 go 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Is iad seo a leanas na mionathruithe a beartaíodh le linn na héisteachta ó bhéal:

- Rochtain bhreise ar roinnt tailte do réadmhaoin 106 atá beartaithe ó Bhóthar Rochtana AR 0/02 mar a léirítear i bhFíor 5.6.01 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Leasaíodh Bóthar Rochtana AR 1/01 chun rochtain a éascú ar réadmhaoin 131 agus réadmhaoin 7891 mar a comhaontaíodh leis na húinéirí réadmhaoine sin agus mar a léirítear i bhFíor 5.6.02 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Síneadh Bóthar Rochtana AR 7/04 níos faide siar chun rochtain a chur ar fáil ar thailte atá scoite ag sruth atá léirithe i bhFíor 5.6.10 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Nasc idir Bóthar Rochtana 13/06 agus Bóthar Thuama an N83 do choisithe a léirítear i bhFíor 5.6.18 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Athruithe ar shonraí teorann um úinéireacht talún agus / nó achair réadmhaoine a léirítear sna mionathruithe atá beartaithe leis an Scéim Mótarbhealaigh agus Scéim an Bhóthair Chosanta agus Fíoracha 5.6.01 go 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Athraíodh roinnt gabháil talún bhuan chuig gabháil shealadach a léirítear sna mionathruithe atá beartaithe leis an Scéim Mhótarbhealaigh agus Scéim an Bhóthair Chosanta agus Fíoracha 5.6.01 go 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Baineadh roinnt talamh a beartaíodh a éadáil a léirítear i mionathruithe beartaithe leis an Scéim Mótarbhealaigh (Cuid II) agus an Scéim Bóthair Chosanta (Cuid III) den Fhreagra IFB 2025 seo
- Cuireadh cosáin rothaíochta agus siúil bhreise leis ag Gort na Bró mar a leagadh amach i Líníocht GCRR-SK-OH-054 i Sceideal na dTiomantas an 4 Samhain 2020[2]. Léirítear é sin sa tsraith líníochtaí nuashonraithe ina dtaispeántar Áiseanna Cosán agus Rothaíochta i bhFíoracha 5.7.12 go 5.7.13 d'Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Is in Aguisín A.1.13 de IFB 2019 a bhí siad i dtosach

Rinneadh mionathrú eile i ndiaidh na héisteachta ó bhéal bunaithe ar chinneadh Ordú Bhord ABP ABP-302885-18:

---

[2] https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/GCRR-4.04-019_002%20Chapter%2021%20SoC_I2_Final%2004112020.pdf

- Bóthar Rochtana AR 13/02 arna leasú chun an tionchar ar úinéir talún a íoslaghdú fad is a thugtar rochtain ar an úinéir talún cóngarach mar a léirítear i bhFíor 5.6.17 in Imleabhar 3 den TMTT nua shonraithe seo. Tugtar sonraí breise i gCuid 5.4.1.2.12

Rinneadh mionathrú eile mar thoradh ar an gceadú a dheonaigh an Bord Pleanála le haghaidh forbartha, forbairt mhórscála chónaithe Ghleann Bheatha, ag Gort na Bró, Cnoc na Cathrach, ag tabhairt faoi deara gur cuireadh i gcoinne an cheadaithe ina dhiaidh sin in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Áirítear leis an mionathrú seo leataobh busanna ar an taobh ó dheas den bhóthar rochtana AR 06/04 isteach chuig Páirc Mhiondíola na Gaillimhe chun ailíniú leis an leataobh busanna atá beartaithe san fhorbairt LRD, agus tá sé uile féideartha laistigh den fháil talún atá beartaithe laistigh de Scéim Bóthair Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018:

- Bóthar Rochtana AR 06/04 arna leasú chun leataobh busanna a chur leis chun dearadh Fhorbairt Mhórscála Chónaithe (LRD) Ionad Ceantair Chnoc na Cathrach a léiriú ar thug ABP ceadú ina leith, Tagairt ABP-318687-23. Léirítear é sin i bhFíor 5.7.13 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Tugtar sonraí breise i gCuid 5.4.1.2.12

Anuas air sin, mar a leagtar amach thuas, bhí coinníoll i gcinneadh an Bhoird Pleanála maidir le hIarratas Alt 51 i leith an N6 GCRR atá beartaithe an 6 Nollaig 2021, tagairt ABP-302848-18, go bhfágfaí ar lár na stáblaí buana ag Ráschúrsa na Gaillimhe. Dá thoradh sin, chun tionchair shuntasacha an N6 GCRR atá beartaithe a mhaolú ar fheidhmiúlacht an ráschúrsa agus chun feidhmiúlacht leanúnach an ráschúrsa a chinntiú, lorg Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe cead pleanálaar leithligh le haghaidh stáblaí ionaid sealadacha agus buana, agus na forbartha lena mbaineann, ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead ina leith an 2 Nollaig 2024 (Tagairt 24/60279).

Dheimhnigh Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe nach gcuirfear iarratas pleanála ar leithligh i bhfeidhm ach amháin má fhaigheann forbairt an N6 GCRR atá beartaithe cead agus go bhfuil sí ag dul chun cinn agus go léirítear é sin sna coinníollacha a ghabhann le deonú an cheada pleanála ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Ina theannta sin, tá Scéim Mhótarbhealach Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 mionathraithe de réir Ordú ABP-302885-18 ó Bhord ABP mar seo a leanas:

*(v) Beidh Ceapach uimhir 713a.203 faoi réir éadáil shealadach*

*(vi) Beidh Ceapach uimhir 713a.204, Ceapach uimhir 713a.101 agus Ceapach uimhir 713b.101 faoi réir éadáil shealadach chuig doimhneacht 1.5 méadar faoi leibhéal na talún agus faoi réir éadáil bhuan chuig doimhneacht thar 1.5 méadar faoi leibhéal na talún.*

Déantar roinnt tailte a mhalartú ó ghabháil talún bhuan go gabháil talún sealadach i Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 mar a ordaítear in Ordú ABP-302885-18 ó Bhord ABP mar seo a leanas:

*(ii) Beidh Ceapach uimhir 195a.202 faoi réir éadáil bhuan cé is moite den chuid a fhreastalóidh ar an mbealach isteach athghrádaithe deiridh ar an áit chónaithe atá ann cheana a bheidh faoi réir éadáil shealadach.*

*(iii) Beidh Ceapach uimhir 246a.203 faoi réir éadáil bhuan cé is moite den chuid a fhreastalóidh ar an sruth éalaithe píobaithe a bheidh faoi réir éadáil shealadach le comhaontú cead slí gaolmhar i bhfabhar an Údaráis Bóithre.*

Léirítear na mionathruithe seo go léir sna doiciméid nuashonraithe arna gcur faoi bhráid an Bhoird Pleanála sa fhreagairt ar an iarraidh ar fhaisnéis bhreise agus gur cuireadh san áireamh iad sa mheasúnú ar an Tionscadal sa TMTT nuashonraithe seo agus sa Ráiteas Tionchair Natura nuashonraithe.

I gcás inar nuashonraíodh treoirlínte agus caighdeáin nó i gcás inar foilsíodh cinn nua agus iad ábhartha d'Iarratas Alt 51 rinneadh athbhreithniú ar an dearadh lena chinntiú go gcomhlíonann sé na caighdeáin atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá an dearadh i gcomhréir, faoi réir athrú beag ar an gcarrbhealach singil, agus níl gá le tailte breise ná athruithe ar an ailíniú ingearach chun dearadh oiriúnach a sholáthar. Cuireadh na treoirlínte agus na caighdeáin reatha go léir san áireamh sa mheasúnú ar an Tionscadal sa TMTT nuashonraithe seo.

## 5.3 Céimeanna an Tionscadail

Tá cúig chéim i gceist leis sa Tionscadal, mar seo a leanas:

- Céim 1: Níl na hoibreacha sin mar chuid den fhorbairt arna lorg mar chuid den Iarratas Alt 51 le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe, ach tá Céim 1 mar chuid den Tionscadal ar a ndearnadh breithniú agus measúnú chun críocha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus na Measúnachta Cuí. Áirítear ar na hoibreacha a dhéanfar mar chuid de Chéim 1 tógáil an chlóis stábla shealadaigh, seid innealra, seid chothabhála, toibreacha i gcomhair soláthair uisce, fostáisiún BSL agus ciorcal réamhpharáide agus pailliún nua ar thailte Ráschúrsa na Gaillimhe.
- Céim 2: Áireofar ar na hoibreacha a dhéanfar faoi Chéim 2 na nithe seo a leanas:
  - Soláthar an N6 GCRR atá beartaithe in dhá chéim a dhéanfar i gcomhthráth:
    - Céim A – Acomhal Chúil Each an N6 chuig Acomhal Leitrí an N59
    - Céim B – Acomhal Leitrí an N59 go dtí an R336 siar ó Bhearna
  - Tá an clós stábla atá ann cheana féin le scartáil, lena n-áirítear an tobar, an t-umar uisce atá ann cheana féin, an tseid innealra agus an áit pháirceála chóngarach.
  - Tá an foirgneamh tráchtála atá ann cheana féin ar na tailte is ábhar do Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, 2018 ó thuaidh de Ráschúrsa na Gaillimhe, le scartáil agus tá an láithreán le glanadh
  - Tá an áit pháirceála atá ann faoi láthair do bhoscaí capaill taobh le hAscaill an Ráschúrsa le scartáil, lena n-áirítear baint an tsocraithe rochtana atá ann faoi láthair ar reilig Bhaile an Bhriotaigh, chun freastal ar Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe
- Céim 3: Arís, níl na hoibreacha sin mar chuid den fhorbairt arna lorg mar chuid den Iarratas Alt 51 le haghaidh an N6 GCRR beartaithe, ach tá Céim 3 mar chuid den Tionscadal ar a ndearnadh breithniú agus measúnú chun críocha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus na Measúnachta Cuí. Áireofar ar na hoibreacha a dhéanfar faoi Chéim 3 tógáil an chlóis stábla bhuain nua ar chríochnú agus aistriú an N6 GCRR atá beartaithe.
- Céim 4: Níl na hoibreacha sin mar chuid den fhorbairt dá bhfuil ceadú á lorg mar chuid den Iarratas Alt 51 le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe, ach tá Céim 4 mar chuid den Tionscadal a bhfuil machnamh agus measúnú déanta air chun críocha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus na Measúnachta Cuí. Áireofar ar na hoibreacha a dhéanfar faoi Chéim 4 scartáil an chlóis stábla shealadaigh arna thógáil i gCéim 1 agus áit pháirceála a chur ar ais ar láithreán an chlóis stábla shealadaigh. Coinneáil fhostáisiún BSL, an phailliúin, na seide innealra, na seide cothabhála agus an chiorcail réamhpharáide.
- Céim 5: Baineann Céim 5 le hoibríocht an Tionscadail.

## 5.4 Tuairisc ar Chéim 2: An N6 GCRR atá beartaithe

Tagann an N6 GCRR atá beartaithe leis an ailíniú a cuireadh isteach mar chuid de TMTT 2018 don chuid is mó dá fhad, ach tugtar san áireamh leis anois na mionathruithe atá leagtha amach in Alt 5.2. Tugtar tuairisc ar na mionathruithe seo go seicheamhach de réir mar a tharlaíonn siad feadh fhad an N6 GCRR atá beartaithe.

Ceanglaítear an N6 GCRR atá beartaithe le Bóthar an Chósta R336 atá ann cheana féin sa Bhaile Nua le hacomhal timpeallláin chomhréidh thart ar 2km siar ó Shráidbhaile Bhearna agus ansin téann sé ar aghaidh ó thuaidh agus soir mar charrbhealach singil chuig tuaisceart Shráidbhaile Bhearna agus ar aghaidh i dtreo Bhaile an Mhóinín. Coimeádtar an nascacht áitiúil trí Nasc Tardhroichid Throscaigh/na Foraí Maola agus tá timpeallán comhréidh beartaithe ag L1321 Bhóthar Bhearna go Maigh Cuilinn. Tá acomhail chomhréidhe le comharthaí beartaithe ag Bóthar na Ceapaí agus Bóthar Bhaile an Mhóinín.

Soir ó Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín, is débhealach í an N6 GCRR atá beartaithe agus leanann sé ar aghaidh soir chuig an acomhal ilairde Acomhal Leitrí an N59 atá suite i Leitreach.

Ceanglaíonn an t-acomhal le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 trí Chuarbhóthar Thuaidh an N59, agus chuig Bóthar Leitrí agus Bóthar Rathúin trí Chuarbhóthar Theas an N59. Leanann an N6 GCRR atá beartaithe ar aghaidh soir chun Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 mar atá ann cheana féin i nDaingean a thrasnú agus leanann sé ar tharbhealach thar Champas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sula dtrasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ar struchtúr droichid. Is ionann an fad iomlán don struchtúr trí Champas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus thar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus 620m.

Déanfar Pailliún Spóirt Ollscoil na Gaillimhe (OÉG) a chur in oiriúint agus leanfaidh sé ag feidhmiú mar áis spóirt le linn na tógála agus ina dhiaidh. Déanfar na mionathruithe ar Phailliún Spóirt ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe mar oibreacha cumasúcháin le linn tréimhse an tsamhraidh sula gcuirfear tús le tógáil an N6 GCRR atá beartaithe. Coinneofar áiseanna leasa ar bun ag an bPailliún Spóirt ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe i rith na n-oibreacha tógála.

Áiríodh le hIarratas Alt 51 in 2018 páirc CLG lánmeide uile-aimsire a sholáthar chomh maith le páirc traenála ar shuíomh páirceanna CLG atá ann cheana féin ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe mar gheall ar bhaint amach an dá pháirc fhéarbhunaithe CLG atá cóngarach d'Abhainn na Gaillimhe. Mar sin féin, i ndiaidh don Iarratas Alt 51 a chur faoi bhráid ABP in 2018, chuir Ollscoil na Gaillimhe a Máistirphlean Spóirt Ollscoile agus a straitéis i gcrích agus d'aithin siad a riachtanais agus a bpleananna amach anseo le haghaidh Champas Spóirt na hOllscoile. Dheimhnigh Ollscoil na Gaillimhe ag an éisteacht ó bhéal i mí Feabhra 2020 nár theastaigh uatha na bearta maolaithe a beartaíodh i dtosach in TMTT 2018 agus fuair siad cead pleanála ina dhiaidh sin ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Tag. 19/372 a ndearnadh achomharc ina leith chuig an mBord Pleanála Tag. ABP-308412-20 le haghaidh páirceanna ionaid. Sheas ABP le cinneadh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus thug siad cead le haghaidh na bpáirceanna ionaid ar an 19 Feabhra 2021. Tá na páirceanna sin ar shuíomh eile ar thailte Ollscoil na Gaillimhe i gcomhréir lena straitéis agus is faoi Ollscoil na Gaillimhe tionchair an N6 GCRR atá beartaithe ar a campas spóirt a mhaolú agus chun a feidhmiúlacht leanúnach i leith a riachtanas a chinntiú agus i gcomhréir lena máistirphlean agus straitéis.

Lena chinntiú go mbeidh idirnasc ann do Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe nuair a chríochnófar tógáil an N6 GCRR atá beartaithe, cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ceart bealaigh ar fáil d'Ollscoil na Gaillimhe chun tailte a úsáid faoin tarbhealach atá beartaithe chun críocha spóirt/lúthchleasaíochta trí léas fada. Áiríodh an tiomantas sin i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil.

Soir ó Abhainn na Gaillimhe leanann an N6 GCRR atá beartaithe ar aghaidh soir ar chlaífort i dtreo Tharbhealach Mhionlaigh. Tá tailte breise ó thuaidh de Chaisleán Mhionlaigh san áireamh mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe chun go mbeidh talamh ar fáil chun feabhas a chur ar phríomhghnáthóg sealgaireachta don chrú-ialtóg bheag ar eol go mbítear ar gor ag Caisleán Mhionlaigh agus chun aon tionchair fhéideartha ar an speiceas sin a laghdú. Déanfaidh an t-údarás áitiúil na tailte sin a chur le breis fálta sceach, déanfar iad a chothabháil mar thailte talmhaíochta agus fanfaidh siad faoi úinéireacht an údaráis.

Agus í ag dul níos faide soir, trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe an Bóthar Nua i mbaile fearainn Mhionlaigh agus fanann sé ar chuid tarbhealaigh, Tarbhealach Mhionlaigh (320m ar fhad), i dtreo an tSeanbhóthair sula dtéann sé isteach i gcuid de ghearradh roimh Thollán Leacaigh (250m ar fhad) agus díreach siar ó Chairéal Leacaigh, agus tagann sé amach as an tollán sa chairéal. Tá foirgneamh cothabhála tolláin lonnaithe gar do Thollán Leacaigh.

Leanann an N6 GCRR atá beartaithe ar aghaidh soir le hacomhal ilairde atá suite ar Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 go Baile an Phoill agus leanann sé ar aghaidh soir trí bhaile fearainn an Chaisleáin Ghearr chuig an acomhal ilairde ar Bhóthar Thuama an N83. Soláthraítear leis an acomhal sin rochtain ar Bhóthar Thuama an N83 agus Bóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe araon idir Páirc Gnó Bhaile an Bhriotaigh agus Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire trí Bhóthar Ceangail Pháirc Gnó Thuaisceart na Cathrach atá beartaithe chun nascacht iomlán a chur ar fáil ag an láthair seo.

Cuireadh an chuid ó dheas de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire i dtosach feadh bhóthar GFT atá ann cheana ag dul idir Boston Scientific agus Hewlett Packard agus seanláithreán APC in Iarratas Alt 51 ó 2018. Ina dhiaidh sin, cheannaigh Boston Scientific an suíomh a mbíodh APC air, rud a chuir ar chumas Boston

Scientific a gcuid gníomhaíochtaí a leathnú ag an láthair sin chuig an dá thaobh de bhóthar GFT agus thug siad an foirgneamh tionsclaíoch folamh seo don úsáid ardluacha arís.

Chuir an bealach do Bhóthar Ceangail na Páirce Móire a beartaíodh i dtosach, mar a leagtar amach in TMTT 2018, isteach ar ghluaiseachtaí riachtanacha laethúla daoine agus innealra araon idir gníomhaíochtaí Boston Scientific ar an taobh thoir agus thiar den bhóthar ceangail beartaithe. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe san áireamh an t-athrú seo ar úinéireacht talún agus an máistirphlean do champas leathnaithe Boston Scientific agus lorg siad mionathrú ar an mbealach don chuid de Bhóthair Ceangail na Páirce Móire laistigh de thailte Boston Scientific ag tús na héisteachta ó bhéal in 2020. D'fhreastail an bealach nua seo ar fheidhmiúlacht iompair an togra bunaidh ag an suíomh seo agus baineadh amach cuspóirí an ailínithe bunaidh mar seo a leanas:

- Cuirtear an nasc riachtanach ar fáil don líonra iompair phoiblí a shamhlaítear i SIG agus mar a shonraítear i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo, léirítear lenár n-anailís go samhlófaí é in aon nuashonrú ar SIG freisin
- Cuirtear lánaí rothaíochta tiomnaithe ar fáil de réir mar is gá i bpríomhlíonra rothaíochta SIG (agus mar a shonraítear i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo, léirítear lenár n-anailís go samhlófaí é in aon nuashonrú ar SIG freisin), agus cuirtear áiseanna coisithe ar fáil freisin
- Cuirtear nasc ar fáil chuig an N6 GCRR atá beartaithe chun scaipeadh tráchta go díreach chuig a cheann scríbe a cheadú

Cumasaítear leis na cuspóirí atá leagtha amach thuas a bhaint amach, cineál dlúthionad fostaíochta a bheith suite in áit a bhfuil rochtain éasca ag modhanna iompair gníomhacha agus poiblí air ó cheantair chónaithe na cathrach. Tá ailíniú na coda theas de Bhóthair Ceangail na Páirce Móire coinnithe sa TMTT nuashonraithe seo i gcomhréir leis an mionathrú a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ar lorg an t-údarás áitiúil mionathrú den sórt seo ar N6 GCRR atá beartaithe ina leith (agus bhí an mionathrú seo mar chuid de Cheadú Alt 51 a cuireadh ar neamhní ó shin agus a cuireadh ar ais chuig an mBord Pleanála).

Leanann an N6 GCRR atá beartaithe ansin ar aghaidh soir chun dul isteach i dTollán Ráschúrsa na Gaillimhe (230m ar fhad) ag Baile an Bhriotaigh ó thuaidh den ráschúrsa, rud a fhágann go ndéantar na stáblaí atá ann cheana féin a scartáil. Mar a tugadh faoi deara in Alt 5.2, rinne Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe iarratas ar chead pleanála do stáblaí ionaid sealadacha agus buana, agus forbairt ghaolmhar, chun aghaidh a thabhairt ar mhaolú in aghaidh baint na stáblaí agus chun oibríocht leanúnach an ráschúrsa a chinntiú.

Mar a leagadh amach cheana, thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála (Tagairt 24/60279) d'Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe ar an 2 Nollaig 2024. Tá na tailte a bhfuil na stáblaí sealadacha orthu suite i ngarpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe agus tá na tailte sin faoi úinéireacht Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe. Maidir le suíomh na stáblaí buana, thug úinéir talún agus tionónta an ghabháltais sin, (faoi réir cead pleanála riachtanach a bheith acu ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Tagairt 24/60279), ar tugadh cead ina leith), comhthoiliú le tógáil na stáblaí buana sa suíomh céanna agus a cuireadh in iúl in TMTT 2018. Mar a tugadh faoi deara in Alt 5.1, ní chuirfear cead pleanála Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe i bhfeidhm ach amháin má cheadaítear an N6 GCRR atá beartaithe agus má théann sé ar aghaidh. Faightear go sealadach na tailte seo, ar a bhfuil na stáblaí buana le tógáil, chun críocha thógáil tolláin Ráschúrsa na Gaillimhe agus is fáil shealadach iad sa Scéim Mótarbhealaigh dá bhrí sin.

Tá foirgneamh cothabhála tolláin lonnaithe cóngarach do Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Nuair a thagann an N6 GCRR atá beartaithe amach ón tollán, leanann sé ar aghaidh ó dheas, ag trasnú Bhóthar Mhuine Mheá an R339 ar chlaífort ag leanúint ó dheas chun dul isteach i ngearradh agus é ag sroicheadh a acomhail leis an N6 atá ann cheana féin ag Acomhal Chúil Each. Beidh Acomhal Chúil Each mar atá beartaithe ina acomhal iomlán ilairde agus saorshreabhadh i bpáirt le haghaidh na ngluaiseachtaí móra.

Áireofar leis an N6 GCRR atá beartaithe freisin curadóireacht tírdhreacha forleathan chun foscadh a thabhairt agus limistéir ghnáthóige shonracha a chruthú chun cúiteamh a dhéanamh don chailleadh gnáthóige in áit éigin eile. Chun tionchar torainn a mhaolú feadh an N6 GCRR atá beartaithe, déanfar dromchla bóthair ísealtorann (LNRS) a ionchorprú sa dearadh chun an torann a ísliú ag an bhfoinse. Sa bhreis air sin, ionchorpraíodh scéim leathan bacainní torainn sa dearadh chun na leibhéil torainn a laghdú a thuilleadh feadh an N6 GCRR atá beartaithe.

Léirítear i bhFíoracha 5.1.01 go 5.1.15 agus i bplean agus próifíl bhóithre príomhlíne agus taobh-bhóithre don N6 GCRR atá beartaithe a léirítear i bhFíoracha 5.2.01 go 5.2.15 agus i bhFíoracha 5.3.01 go 5.3.21 faoi seach, an dearadh agus gach leasú san áireamh ann ag deireadh na héisteachta ó bhéal in 2020. Dearadh an N6 GCRR atá beartaithe agus dóthain sonraí inti chun gur féidir measúnacht tionchair timpeallachta iomlán agus chríochnúil a dhéanamh ar gach tionchar díreach agus indíreach a d'fhéadfadh a bheith i gceist (lena n-áirítear tionchar carnach).

## 5.4.1 Caighdeáin Deartha don N6 atá Beartaithe

Rinneadh athbhreithniú ar dhearadh na príomhlíne, na mbóithre ceangail agus nascóra agus áiseanna úsáideora gan inneall don N6 GCRR atá beartaithe mar chuid den nuashonrú seo ar TMTT chun a chinntiú go bhfuil an dearadh i gcomhréir le caighdeáin deartha TII atá ar fáil ar láithreán gréasáin Fhoilseacháin TII, Lámhleabhar TII ar Dhoiciméid Conartha um Oibreacha Bóthair (MCDRW), Lámhleabhar Deartha na Roinne Iompair um Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS) agus Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an dearadh i gcomhréir le caighdeáin deartha TII, faoi réir athrú beag ar an lána mall ar an gcarrbhealach singil mar a tugadh faoi deara thíos in Alt 5.4.1.1.1, agus níl gá le tailte breise ná athruithe ar an ailíniú ingearach chun dearadh oiriúnach a sholáthar. Mar chuid den nuashonrú TMTT seo, fanann gach ceann de na bóithre ceangail agus na taobh-bhóithre mar atá.

Ós rud é go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe scaipthe idir timpeallacht uirbeach agus tuaithe, cuireadh san áireamh freastal go sábháilte ar úsáideoirí gan inneall laistigh de líne na teorann don N6 GCRR atá beartaithe agus na caighdeáin thuas á gcur i bhfeidhm. Tá na Foilseacháin TII seo a leanas ábhartha fós don dearadh, agus ní dhearnadh aon athruithe ar an dearadh de thoradh an leagain is déanaí de na treoirlínte sin, a mbeadh athrú ar an tógáil talún nó ar thionchar timpeallachta féideartha i gceist leo:

- DN-GEO-03031– Dearadh Nasc Bóthair (Aibreán 2017)
- DN-GEO-03060– Dearadh Geoiméadrach Acomhal (acomhail tosaíochta, bealaí isteach díreacha, timpealláin, acomhail ilairde agus acomhail dlútha ilairde) (Bealtaine 2023)
- DN-GEO-03036– Trasghearrthacha agus Spás Cloiginn (Bealtaine 2023)
- Lámhleabhar Dearaidh um Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha (Meán Fómhair 2023)
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta (Lúnasa 2023)


Chomh maith leis na doiciméid dearaidh thuas tarraingíodh tuilleadh treorach de réir mar ba ghá ó shonraí foilsithe ábhartha.

### *5.4.1.1 An Cineál Bóthair agus Trasghearradh atá Beartaithe*

#### 5.4.1.1.1 Príomhlíne

Ó Bhóthar an Chósta R336 go Baile an Mhóinín, is Carrbhealach Singil Chineál 1 í príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir le Foilseachán TII DN-GEO-03036 (Trasghearrthacha agus Spás Cloiginn). Déanfar an chuid sin de phríomhlíne a ainmniú mar bhóthar cosanta náisiúnta. Is é luas dearaidh na príomhlíne thar an gceantar sin ná 85km/u. Tá an trasghearradh, a léirítear i Pláta 5.1, mar seo a leanas agus tá sé mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair i TMTT 2018:

| | |
|---|---|
| Leithead na Ciumhaise Thiar (íosleithead): | 3.0m |
| An Ghualainn Chrua Thiar: | 2.5m |
| Leithead Carrbhealaigh: | 7.3m (2 x lána 3.65m) |
| An Ghualainn Chrua Thoir: | 2.5m |
| Leithead Ciumhaise Thoir (íosleithead): Leithead Ciumhaise Thoir (íosleithead) | 3.0m |
| **Leithead Iomlán (íosleithead):** | **18.3m** |





**Pláta 5.1 Trasghearradh tipiciúil den Nasc Carrbhealaigh Singil Chineál 1 ón R336 chuig Baile an Mhóinín**

Tá lána malla curtha isteach sa charrbhealach singil ag dhá áit, ceann amháin ag dul soir agus ceann eile ag dul siar. Tá siad siúd deartha de réir DN-GEO-03031. Ós rud é go gceadaítear d'úsáideoirí gan inneall a bheith ar an mbóthar cosanta, rinneadh nuashonrú ar chaighdeán TII DN-GEO-03036 i mí na Bealtaine 2023 chun a chinntiú go cloífear le prionsabail 'atá báúil don rothaíocht' sa dhearadh. Fágann sé seo go bhfuil méadú 1.5mm ar a laghad ar leithead an stráice crua ar an lána mall in áit an 0.5m a cuireadh ar fáil roimhe seo chun spás a choinneáil do rothaí feadh fhad na lánaí malla agus go léiríodh é sin sa TMTT nuashonraithe agus go ndearnadh measúnú air. Is féidir é sin a dhéanamh laistigh den tógáil talún a bheartaítear faoi láthair don N6 GCRR atá beartaithe.

Ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín chuig an gceangal soir leis an N6 atá ann faoi láthair i gCúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, is Mótarbhealach Uirbeach Débhealaigh Caighdeánach (D2UM) é an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir le DN-GEO-03036. Beidh an phríomhlíne ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín go hAcomhal Leitrí an N59 mar Bhóthar Náisiúnta Cosanta agus beidh an phríomhlíne ó Acomhal Leitrí an N59 chuig Acomhal Chúil Each an N6 mar Mhótarbhealach ach beidh na trasghearrthacha mar an gcéanna. Is é luas dearaidh na príomhlíne thar an gceantar sin ná 100km/u. Tá an trasghearradh, a léirítear i Pláta 5.2, mar seo a leanas agus tá sé mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair i TMTT 2018:

| | |
|---|---|
| Leithead na Ciumhaise Thiar (íosleithead): | 3.0m |
| Leithead na Gualainne Crua Thiar (íosleithead): | 2.5m |
| Leithead an Charrbhealaigh Thiar: | 7.0m (2 x lána 3.5m) |
| Leithead Lárthearmainn (íosleithead): | 2.6m (2 x stráice crua 1.0m ar thaobh an tiománaí) |
| Leithead an Charrbhealaigh Thoir: | 7.0m (2 x lána 3.5m) |
| Leithead na Gualainne Crua Thoir (íosleithead): | 2.5m |
| Leithead Ciumhaise Thoir (íosleithead): | 3.0m |
| **Leithead Iomlán (íosleithead):** | **27.6m** |




**Pláta 5.2 Trasghearradh tipiciúil den Nasc Mótarbhealaigh Uirbigh Débhealaigh ó Bhaile an Mhóinín go Cúil Each**

Idir Acomhal Bhóthar Átha Cinn an N84 agus Acomhal Bhóthar Thuama an N83 leathnófar an trasghearradh príomhlíne go 34.6m chun spás a chur ar fáil don tríú lána i ngach treo (3 x lána 3.5m). Ar an gcaoi sin, freastalófar ar an trácht réamh-mheasta idir na hacomhail sin agus tá sé mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

Tá na trasghearrthacha ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus ar Tharbhealach Mhionlaigh comhdhéanta den mhéid céanna agus ar tugadh tuairisc air thuas ach amháin leithead na gualainne crua atá laghdaithe go 0.5m agus ciumhais ardaithe de 0.6m (gan riachtanais leathnaithe don infheictheacht san áireamh) agus tá sé mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

Tá na trasghearrthacha de Thollán Leacaigh agus Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe difriúil leis an méid atá riachtanach do Mhótarbhealach Uirbeach Débhealaigh Caighdeánach i gcomhréir le DN-GEO-03036. Is leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a shocraítear na trasghearrthacha sin; fad is a bhaineann le leaganacha amach tolláin, paraiméadair gheoiméadracha, soláthar spáis um threalamh oibriúcháin agus bealach isteach agus amach sábháilte a chur ar fáil i gcás éigeandála. Tá na trasghearrthacha den dá thollán comhdhéanta de 2 x lána 3.75m sa dá threo, stráice crua neastaoibh agus ar thaobh an tiománaí d'íosmhéid 0.5m (gan riachtanais leathnaithe don infheictheacht san áireamh) agus siúlbhealaí 1.2m neastaoibh agus ar thaobh an tiománaí. Déantar spás cloiginn íosta de 5.3m a sholáthar sa dá thollán. Tá na trasghearrthacha tolláin mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

##### 5.4.1.1.2 Bóithre Ceangail

Tá ceithre phríomhbhóthar ceangail cuimsithe mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe:

- Tá Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018
- Tá Bóthar Ceangail Theas an N59 mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018
- Tá Bóthair Ceangail na Páirce Móire mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair ag tús na héisteachta ó bhéal in 2020 mar a leagtar amach thuas
- Tá Bóthar Ceangail Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018

Ceanglaíonn acomhal ilairde le comharthaí i Leitreach an N6 GCRR atá beartaithe le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 trí Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59 agus le Bóthar Rathúin agus Bóthar Leitrí ó dheas trí Bhóthar Ceangail Theas an N59 agus tá sé mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

Tá Bóthar Ceangail na Páirce Móire ina chuid d'Acomhal Bhóthar Thuama an N83. Ceanglaíonn an bóthar ceangail Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire le Páirceanna Gnó Bhaile an Bhriotaigh agus Oirthear na Cathrach, agus é ag soláthar bealaí isteach/amach nua chuig na heastáit sin go léir agus le Bóthar Thuama an N83. Trasnaíonn an chuid theas de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire campas Boston Scientific ar an teorainn thoir. Tugtar bealach isteach go Bóthar Thuama an N83 trí Cheangal Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach. Sna bóithre ceangail go léir a dtugtar tuairisc orthu thuas cuimsítear cosán i gceachtar treo ar íosleithead 1.8m i gcomhréir le DN-GEO-03036 (Bealtaine 2023). Tugtar mionsonraí na mbóithre ceangail sin i dTábla 5.1 thíos agus tá siad mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

**Tábla 5.1 Bóithre Ceangail**

| Ainm an Bhóthair | Leithead Lána | Cosán | Lána Rothar | Fad | Slabhraíocht |
|---|---|---|---|---|---|
| Bóthar Ceangail ó Thuaidh & ó Dheas an N59 | 2 x 3.5m | Íosmhéid 1.8m | 2.0m<br>(Ch. 1+500 – 2+220) | 2200m | Ch. 7+575 |
| Ceangal Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach | 2 x 3.5m | Íosmhéid 1.8m | 2.0m | 420m | Ch. 14+000 |
| Bóthar Ceangail na Páirce Móire | 2 x 3.5m | Íosmhéid 1.8m | 2.0m | 1650m | Ch. 14+375 |

#### 5.4.1.1.3 Taobh-bhóithre

Dearadh taobh-bhóithre a dteastaíonn athdhearadh agus athailíniú orthu don N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir leis na caighdeáin a tugadh faoi deara i gCuid 5.4. I dTábla 5.2 tugtar sonraí faoi gach taobh-bhóthar, ar thaobh an tráchta agus ar leataobh ón trácht, atá fós mar an gcéanna agus a cuireadh in TMTT 2018.

**Tábla 5.2 Taobh-bhóithre**

| Ainm an Bhóthair | Leithead Lána | Fad | Slabhraíocht Neasach | Trácht |
|---|---|---|---|---|
| Bóthar an Chósta an R336 Siar | 2 x 3m | 245m | Ch. 0+030 | Athailíniú ar Bhóthar an Chósta an R336 siar chuig an timpeallán atá beartaithe, Timpeallán Bhearna Thiar, sa Bhaile Nua. |
| Bóthar an Chósta an R336 Soir | 2 x 3m | 90m | Ch. 0+030 | Athailíniú ar Bhóthar an Chósta an R336 soir chuig an timpeallán atá beartaithe, Timpeallán Bhearna Thiar, sa Bhaile Nua. |
| Na Foraí Maola go Troscaigh Bóthar Ceangail ó Thuaidh | 2 x 3m | 500m | Ch. 1+400 | Bóthar ceangail chun na bóithre áitiúla atá ann cheana féin ar an taobh thuaidh agus theas den phríomhlíne a cheangal trí thardhroichead. |
| Na Foraí Maola go Troscaigh Bóthar Ceangail ó Dheas | 2 x 3m | 730m | Ch. 1+400 | Bóthar ceangail chun na bóithre áitiúla atá ann cheana féin ar an taobh thuaidh agus theas den phríomhlíne a cheangal trí thardhroichead. |
| Na Foraí Maola go Troscaigh Ceangal Tardhroichid | 2 x 3m | 200m | Ch. 0+190 | Bóthar ceangail ag ceangal Na Foraí Maola go Troscaigh Bóthar Ceangail ó Thuaidh agus Na Foraí Maola ó Troscaigh Bóthar Ceangail ó Dheas. |
| L1321 Bóthar Bhearna go Maigh Cuilinn ó Thuaidh | 2 x 3m | 170m | Ch. 2+800 | Athailíniú agus ceangal le Timpeallán Bhearna Thoir atá beartaithe. |
| Bóthar L1321 Bhearna go Maigh Cuilinn ó Dheas | 2 x 3m | 170m | Ch. 2+800 | Athailíniú agus ceangal le Timpeallán Bhearna Thoir atá beartaithe. |
| Bóthar L5384 na hAille | 2 x 3m | 270m | Ch. 3+310 | Athailíniú ar Bhóthar L5384 na hAille don fhodhroichead príomhlíne atá beartaithe. |
| Bóthar na Ceapaí ó Thuaidh | 2 x 3m | 140m | Ch. 4+450 | Athailíniú agus ceangal le hacomhal le comharthaí atá beartaithe. |
| Bóthar na Ceapaí ó Dheas | 2 x 3m | 230m | Ch. 4+450 | Athailíniú agus ceangal le hacomhal le comharthaí atá beartaithe. |
| Bóthar Bhaile an Mhóinín ó Thuaidh | 2 x 3m | 230m | Ch. 5+650 | Athailíniú agus ceangal le hacomhal le comharthaí atá beartaithe. |
| Bóthar Bhaile an Mhóinín ó Dheas | 2 x 3m | 130m | Ch. 5+650 | Athailíniú agus ceangal le hacomhal le comharthaí atá beartaithe. |
| Bóthar Rathúin | 2 x 3m | 290m | Ch. 6+350 | Athdhearadh ar Bhóthar Rathúin i Mionchluain chun tardhroichead príomhlíne a sholáthar. |
| Bóthar an Chlaí Bháin | 2 x 3m | 410m | Ch. 6+350 go Ch. 6+650 | Athdhearadh ar Bhóthar an Chlaí Bháin i Mionchluain chun tardhroichead príomhlíne agus acomhal fiartha a chur ar fáil. |
| Bóthar Rathúin | 2 x 3m | 290 | Bóthar Ceangail an N59<br>Ch. 2+200 | Athdhearadh ar Bhóthar Rathúin ag Gort na Bró chun ceangal le hacomhal comharthaíochta atá beartaithe le Bóthar Ceangail Leitrí ó Dheas. |

| Ainm an Bhóthair | Leithead Lána | Fad | Slabhraíocht Neasach | Trácht |
|---|---|---|---|---|
| Bóthar Ghort na Bró | 2 x 3m | 270m | Bóthar Ceangail an N59<br>Ch. 2+200 | Athdhearadh ar Bhóthar Rathúin i nGort na Bró chun ceangal le hacomhal beartaithe le Bóthar Rathúin (Acomhal Bhóthar Rathúin) agus Bóthar Ceangail Theas an N59. |
| Bóthar Leitrí | 2 x 3m | 780m | Ch. 7+250 | Athdhearadh ar Bhóthar Leitrí chun ceangal le hacomhal beartaithe le comharthaí le Bóthar Ceangail Leitrí Theas agus le tardhroichead príomhlíne atá beartaithe. |
| N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn | 2 x 3.5m | 350m | N59 LRN* Ch. 0+000 | Athdhearadh ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 chun ceangal le hacomhal beartaithe le comharthaí le Bóthar Leitrí Thuaidh. |
| N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn | 2 x 3.5m | 390m | Ch. 8+500 | Athdhearadh ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 i nDaingean chun gur féidir an tardhroichead príomhlíne atá beartaithe a chur ar fáil. |
| Bóthar Nua | 2 x 3m | 260m | Ch. 10+110 | Athdhearadh ar Bhóthar i gCúil Each chun gur féidir an tardhroichead príomhlíne atá beartaithe a chur ar fáil. |
| An Seanbhóthar | 2 x 3m | 250m | Ch. 10+475 | Athailíniú agus ceangal lena bhfuil ann cheana féin. |
| Bóthar Áth Cinn an N84 | 2 x lána 3.5m agus é ag aistriú go 4 x 3.5m | 400m | Ch. 12+125 | Athdhearadh ar Bhóthar Áth Cinn an N84 chun gur féidir an t-acomhal ilairde atá beartaithe a chur ar fáil. |
| Bóthar L2134 na Scoile | 2 x 3m | 240m | Ch. 13+150 | Athdhearadh ar Bhóthar L-2134 na Scoile, An Caisleán Gearr chun gur féidir an tardhroichead príomhlíne atá beartaithe a chur ar fáil. |
| Bóthar Thuama an N83 | 2 x lána 3.5m agus é ag aistriú go 4 x 3.5m<br>1 x Lána Bus 3.25m | 1060m | Ch. 14+000 | Athdhearadh ar Bhóthar Thuama an N83 chun gur féidir an t-acomhal ilairde atá beartaithe a chur ar fáil. |
| N6 Bóthar na dTreabh ag Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach | 4 x lána 3.5m | 300m | N/B | Bealach isteach acomhail le comharthaí a chur ar fáil ó N6 Bóthar na dTreabh go Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach. |
| Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise | 2 x lána 3.5m | 190m | Ch. 1730 | Athdhearadh ar bhóthar Pháirc Gnó Chnoc Mhaoil Drise chun gur féidir an tardhroichead príomhlíne atá beartaithe a chur ar fáil |
| Bóthar Mhuine Meá an R339 | 2 x 3.5m | 275m | Ch. 15+850 | Athdhearadh ar Bhóthar Chnoc Maoil Drise an R339 chun gur féidir an tardhroichead príomhlíne atá beartaithe a chur ar fáil. |
| Corrán Bhaile an Bhriotaigh | 2 x 3.5m | 200m | Ch. 15+850 | Athdhearadh ar Chorrán Bhaile an Bhriotaigh |

Nóta:

*N59 LRN = Bóthar Ceangail Thuaidh an N59

LRS N59 = Bóthar Ceangail Theas an N59

#### *5.4.1.2 Gnéithe Dearaidh eile den N6 GCRR atá beartaithe*

Sa chuid seo tugtar tuairisc ar ghnéithe dearaidh eile den N6 GCRR atá beartaithe. Déantar tagairt don treoir ábhartha ar a bhfuil an dearadh bunaithe. Tá na sonraí teicniúla a bhaineann leis na struchtúir, na linnte maoltaithe srl sa Tuarascáil Dearaidh don N6 GCRR molta agus tá siad le fáil ag https://www.n6galwaycityringroad.ie/Imleabhar 4, Aguisín,A101,Dearadh,Tuarascáil,DR/.

##### 5.4.1.2.1 Comharthaí Tráchta

Cuirfear comharthaí ar fáil feadh an N6 GCRR atá beartaithe chun a chinntiú go dtugtar teachtaireachtaí soiléire treorach agus rialála do thiománaithe agus d'úsáideoirí eile bóthair agus cuireadh san áireamh sa dearadh iad. Tá dearadh na gcomharthaí agus na marcanna bóthair bunaithe ar Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta a d'eisigh an Roinn Iompair agus cuirtear leis ag sraith 1200 de MCDRW de chuid TII (a foilsíodh in 2019), an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta ag an Údarás Náisiúnta Iompair, agus an Lámhleabhar Dearaidh um Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS) ar chuir an Roinn Iompair le chéile freisin é. Cé go ndearnadh nuashonrú ar an Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta in 2021, ar an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta in 2023 agus ar DMURS in 2023, ní raibh athrú ábhartha ar an N6 GCRR atá beartaithe mar thoradh ar na foilseacháin sin. Tá 29 comhartha droichid, a thacóidh le comharthaí sonracha treorach a bheartaítear mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe. Léirítear sonraí na gcomharthaí agus na comharthaíochta ag na hacomhail freisin sa tsraith líníochtaí nuashonraithe ina dtaispeántar na Saoráidí do Choisithe agus don Rothaíocht i bhFíoracha 5.7.01 go 5.7.22 d'Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Is in Aguisín A.1.13 de IFB 2019 a bhí siad sin i dtosach.

Soláthar do Choisithe agus Rothaithe

Mar a tugadh breac-chuntas air sna caibidlí roimhe seo den TMTT nuashonraithe seo, tá an N6 GCRR atá beartaithe ina ghné lárnach de straitéis iompair níos leithne do Chathair na Gaillimhe agus a purláin, Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). I SIG déantar iniúchadh ar riachtanais na gcóracha iompair go léir agus foráil dóibh, a chuimsíonn ach nach bhfuil teoranta go rothaithe, coisithe, úsáideoirí iompair phoiblí, tiománaithe príobháideacha etc. Is féidir faisnéis faoin straitéis sin a fháil ach cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (http://www.galwaycity.ie/galway-transport-strategy/). Déan tagairt d'Áiseanna Coisithe agus Rothaíochta i bhFíoracha 5.7.01 go 5.7.22 d'Imleabhar 3 an TMTT nuashonraithe seo. Is in Aguisín A.1.13 de IFB 2019 a bhí siad sin i dtosach.

Idirghníomhaíonn an N6 GCRR atá beartaithe leis an líonra bóithre atá ann cheana féin ag suíomhanna éagsúla feadh a fairsinge. Feidhmíonn na líonraí atá ann cheana féin sna suíomhanna sin mar chonairí ilchóracha iompair agus mar thoradh air sin ba ghá aird faoi leith a thabhairt orthu agus soláthairtí oiriúnacha á ndearadh. Tugtar sonraí thíos ar na hidirghníomhaíochtaí feadh fhairsinge an N6 GCRR atá beartaithe agus ar na soláthairtí ag gach suíomh atá fós mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018 ach amháin sa chás go sonraítear a mhalairt.

***Timpeallán Bhearna Thiar***

Tá Timpeallán Bhearna Thiar suite ar Bhóthar an Chósta an R336 siar ó Shráidbhaile Bhearna. Tá cosáin curtha ar fáil ar gach géag den acomhal a éascaíonn trasrianta coisithe amach ó bhladhm na mbealaí isteach.

***Tardhroichead ó Na Foraí Maola go Troscaigh***

Tá tardhroichead curtha ar fáil agus cosáin ar an dá thaobh sa limistéar seo. Síneann na cosáin seo ón struchtúr feadh bhóthar ceangail uasghrádaithe an tardhroichid chun nascacht a choimeád ó thuaidh agus ó dheas den N6 GCRR atá beartaithe le ceantar na bhForaí Maola agus na Troscaí.

***Timpeallán Bhearna Thoir***

Tá Timpeallán Bhearna Thoir suite ar an mBóthar ó Bhearna go Maigh Cuilinn (L1321) ó thuaidh de Shráidbhaile Bhearna. Tá cosáin curtha ar fáil ar gach géag den acomhal a éascaíonn trasrian coisithe amach ó bhladhm na mbealaí isteach. Tá an ceantar scoite ó fhóntais agus sheirbhísí agus ní bhíonn mórán coisithe ann.

*An Chloch Scoilte*

Tá tardhroichead curtha ar fáil sa cheantar seo. Ní chuirtear aon cheangal díreach ar fáil le príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe. Cuirtear cosáin ar fáil ar an tardhroichead. Síneann na cosáin sin ón struchtúr thar Bhóthar na hAille (L5384) atá uasghrádaithe agus ceanglaíonn siad le Bóthar na Cloiche Scoilte (L5385).

***Acomhal Bhóthar na Ceapaí***

Tá acomhal le comharthaí curtha ar fáil chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Tá cosáin curtha ar fáil ar gach géag den acomhal. Ceanglaíonn na cosáin sin leis na líonraí atá ann cheana féin sa cheantar.

***Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín***

Tá acomhal le comharthaí curtha ar fáil chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Tá cosáin curtha ar fáil ar gach géag den acomhal. Ceanglaíonn na cosáin sin leis na líonraí atá ann cheana féin sa cheantar.

***Bóthar Rathúin***

Tá fodhroichead curtha ar fáil sa cheantar seo. Ní chuirtear aon cheangal díreach ar fáil le príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe. Tá cosáin curtha ar fáil ar Bhóthar Rathúin. Síneann na cosáin sin ón struchtúr thar Bhóthar Rathúin uasghrádaithe agus ceanglaíonn siad leis an líonra bóithre atá ann cheana féin.

***Bóthar Leitrí***

Tá acomhal le comharthaí curtha ar fáil chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Tá cosáin curtha ar fáil ar gach géag den acomhal.

Tá cosáin tiomanta curtha ar fáil tríd an acomhal ar Bhóthar Ceangail ó Dheas an N59, tá slí rothar tiomanta curtha ar fáil ar an ngéag theas den acomhal seo chuig Bóthar Rathúin i gcomhréir le SIG. Ceanglaíonn na slite rothar agus na cosáin sin le líonraí atá sa cheantar cheana féin.

***Acomhal Leitrí an N59***

Tá acomhail le comharthaí curtha ar fáil chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Tá ionaid trasnaithe tiomnaithe curtha ar fáil ar gach géag den acomhal. Tá cosáin tiomanta curtha ar fáil tríd an acomhal ar Bhóthar Ceangail ó Dheas an N59 i gcomhréir le SIG. Ceanglaíonn na cosáin sin le líonraí atá sa cheantar cheana féin.

***Acomhal Pháirc na Sceach***

Tá acomhal le comharthaí curtha ar fáil chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Tá cosáin curtha ar fáil ar gach géag den acomhal. Tá cosáin tiomanta curtha ar fáil ar Bhóthar Ceangail ó Thuaidh an N59. Tháinig an gá leis an soláthar sin chun cinn de thoradh SIG. Ceanglaíonn na cosáin sin le líonraí atá sa cheantar cheana féin.

***Acomhal Bhóthar Rathúin***

Tá acomhal le comharthaí curtha ar fáil chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Tá cosáin curtha ar fáil ar gach géag den acomhal. Tá slite rothar agus cosáin tiomanta curtha ar fáil tríd an acomhal ar Bhóthar Ceangail ó Dheas an N59 agus cosáin curtha ar fáil ar Bhóthar Ceangail Ghort na Bró i gcomhréir le SIG. Ceanglaíonn na slite rothar agus na cosáin sin le líonraí atá sa cheantar cheana féin.

***Acomhal Gateway Retail***

Is é atá in acomhal Gateway Retail ná acomhal simplí a sholáthraíonn nascacht le bóthar Ghort na Bró ó cheantair chónaithe atá ann cheana féin. Cuirtear cosáin tiomnaithe ar fáil sa líonra atá ann cheana féin agus coimeádtar iad sin sa dearadh. Cuirtear cosán rothaíochta easbhóthair débhealach leithscartha ar fáil sa chiumhais ar Bhóthar Ghort na Bró ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh go Bóthar Rathúin, rud a ceanglaíodh le

Sceideal na dTiomantas an 4 Samhain 2020 de réir líníocht GCRR-SK-OH-054 agus tá sé san áireamh anois i bhFíor 5.7 den TMTT nuashonraithe seo.

***Acomhal Bhóthar Dáileacháin an Iarthair agus Gort na Bró***

De réir líníocht GCRR-SK-OH-054 a ceanglaíodh le Sceideal na dTiomantas an 4 Samhain 2020 agus atá san áireamh anois i bhFíor 5.7.13 den TMTT nuashonraithe seo, cuirtear soláthar iomlán do choisithe agus rothaithe ar fáil ag an acomhal seo chun a chinntiú go mbeidh bealach isteach sábháilte ó na lánaí atá ann cheana féin ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair ó thuaidh go Gaelscoil Mhic Amhlaigh agus ó dheas go Scoil Naomh Eoin Aspal. Cuirtear raon rothaíochta 2m ar fáil ó Thimpeallán Ghort na Bró go Gaelscoil Mhic Amhlaigh ar an dá thaobh den bhóthar.

***Ceantar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59***

Cuirtear tardhroichead ar fáil sa cheantar, áit a dtrasnaíonn príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Ní chuirtear aon cheangal díreach ar fáil le príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe. Cuirtear cosáin ar fáil sa cheantar. Síneann na cosáin sin ó ionad an struchtúir thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 uasghrádaithe agus ceanglaíonn siad leis na líonraí atá ann cheana féin.

***An Bóthar Nua (Bóthar Chúil Each)***

Cuirtear fodhroichead ar fáil sa cheantar, áit a dtrasnaíonn príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe an Bóthar Nua. Ní chuirtear aon cheangal díreach ar fáil le príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe. Freastalaíonn an bóthar reatha ar gach cóir. Níl aon chosáin ná slite rothar tiomanta sa cheantar. Níl sé beartaithe cosáin/slite rothar scoite a chur ar fáil sa cheantar.

***An Seanbhóthar (Mionlach)***

Cuirtear tardhroichead ar fáil sa cheantar, áit a dtrasnaíonn príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe An Seanbhóthar. Ní chuirtear aon cheangal díreach ar fáil le príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe. Tá malairt slí, áfach, ón bpríomhlíne go dtí an Seanbhóthar chun gur féidir feithiclí atá os cionn na hairde ceadaithe agus feithiclí éigeandála imeacht ó Thollán Leacaigh. Is bóthar isteach atá ann cheana féin é an Seanbhóthar agus é ag freastal go príomha ar thrácht talmhaíochta. Cuirtear cosáin ar fáil ar an gcuid den bhóthar faoi bhun an struchtúir.

***Bóthar Áth Cinn an N84***

Tá ionaid trasnaithe tiomnaithe curtha ar fáil ar gach géag den acomhal. Tá cosáin tiomanta curtha ar fáil tríd an acomhal. Ceanglaíonn na cosáin sin le líonraí atá sa cheantar cheana féin.

***Bóthar na Scoile An Caisleán Gearr***

Tá tardhroichead curtha ar fáil sa cheantar seo. Ní chuirtear aon cheangal díreach ar fáil le príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe. Cuirtear cosáin ar fáil ar an tardhroichead. Síneann na cosáin sin ón struchtúr thar Bhóthar na Scoile (L2134) uasghrádaithe agus ceanglaíonn siad leis an líonra bóithre atá ann cheana féin.

***Acomhal Bhóthar Thuama an N83 agus Bóthar Ceangail na Páirce Móire***

Tá acomhail le comharthaí beartaithe san áit a n-idirghníomhaíonn géaga mhalairt slí agus teacht isteach le Bóthar Thuama an N83 atá ann cheana féin. Tá acomhail le comharthaí curtha ar fáil chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Tá ionaid trasnaithe tiomanta le haghaidh coisithe agus rothaithe curtha ar fáil ar gach géag den acomhal. Tá slite rothar agus cosáin tiomanta curtha ar fáil tríd an acomhal i gcomhréir le SIG. Ceanglaíonn na slite rothar agus na cosáin sin le líonraí atá sa cheantar cheana féin. Cuirtear spás ar fáil sa dearadh freisin do lána tiomanta le haghaidh busanna isteach amháin, i gcomhréir le SIG.

Tá sé beartaithe go gceanglóidh Bóthar Ceangail na Páirce Móire mórcheantair tionscail i gCathair na Gaillimhe. Is sráid uirbeach í seo agus cuirtear slite rothar agus cosáin tiomanta ar fáil fad na sráide. Is gné lárnach den SIG é Bóthar Ceangail na Páirce Móire agus é aitheanta mar cheann de na bearta bonneagair chun freastal ar iompar poiblí idir eastáit tionsclaíocha Bhaile an Bhriotaigh agus na Páirce Móire. Éascaíonn sé acomhal na mbealaí bus a fhreastalaíonn ar na heastáit tionsclaíocha seo agus ar an mbealach sin

méadaítear leibhéal soláthair an iompair phoiblí isteach i gceantar thoir thuaidh go léir na cathrach. Freisin soláthraíonn sé bealach díreach níos giorra agus bonneagar cuí curtha ar fáil ar an líne is mian a chur ar fáil do choisithe agus rothaithe araon chuig eastáit tionsclaíocha na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh. Soláthraíonn Páirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach nascacht idir Bóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe agus Bóthar Thuama an N83 atá ann faoi láthair.

Tá slite rothar agus cosáin tiomanta sa cheangal seo i gcomhréir le SIG agus ar an mbealach sin nasctar na líonraí go léir le haghaidh gach cóir iompair sa cheantar. Is é an toradh air sin go léir ná go spreagtar athrú ar chóir iompair go bearta iompair inbhuanaithe.

Beartaítear acomhail le comharthaí feadh Bhóthair Ceangail na Páirce Móire do na hacomhail le lúba bealach isteach/amach ón N6 GCRR agus d'Acomhal 2 Pháirc Ghnó atá ina acomhal ceithre ghéag a cheanglaíonn Bóthar Ceangail Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach le Bóthar Ceangail athailínithe na Páirce Móire ar champas thoir Boston Scientific agus AR 13/10. Cuirtear acomhail le comharthaí ar fáil chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Tá ionaid trasnaithe tiomanta do choisithe agus rothaithe curtha ar fáil i ngach ionad acomhail.

***Acomhal Chorrán Bhaile an Bhriotaigh***

Acomhal le comharthaí atá ann cheana féin é Acomhal Chorrán Bhaile an Bhriotaigh. Comhlíonann uasghrádú an acomhail seo mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe ceanglais SIG a chuimsíonn lána bus tiomnaithe agus áiseanna rothar tiomnaithe (a tógadh le déanaí). Coimeádtar cosáin sa cheantar ag leibhéal reatha an tsoláthair.

***Acomhal na Linseach***

Acomhal le comharthaí é Acomhal na Linseach. Rinneadh uasghrádú ar an acomhal seo roimhe seo agus cuireadh comharthaí ann chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtach gach úsáideoir bóthair a éascú. Níl sé beartaithe tabhairt faoi aon oibreacha ar Acomhal Uí Loinsigh i gCnoc Mhaoil Drise mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe. Ceanglófar an N6 GCRR atá beartaithe leis an acomhal sin agus sin amháin.

***Acomhal Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach***

Tá lána teacht isteach ann cheana féin ó Pháirc Ghó Oirthear na Cathrach chuig an N6 atá ann cheana féin ag an suíomh sin. Mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe tá sé beartaithe acomhal le comharthaí a chur ar fáil. Tá cosáin beartaithe ar Bhóthar Pháirc Gnó Oirthear na Cathrach. Níl cosáin beartaithe ar an N6 Bóthar na dTreabh.

***Acomhal Chúil Each***

Ceanglaíonn ceann aistir an N6 GCRR atá beartaithe leis an N6 ata ann cheana féin i gCúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Is gá acomhal ardchaighdeáin agus gluaiseacht iomlán ann a chur ar fáil ag acomhal an N6 GCRR atá beartaithe agus an ceann aistir N6 atá ann faoi láthair ós rud é gurb é an N6 an príomhbhealach isteach go Gaillimh ón oirthear agus gurb é an príomhbhealach isteach go Gaillimh ón deisceart ó osclaíodh an M17/M18.

Freastalaíonn an bóthar reatha ar gach cóir. Níl aon chosáin ná slite rothar tiomanta sa cheantar. Níl sé beartaithe cosáin/slite rothar scoite a chur ar fáil sa cheantar mar go bhfuil roghanna eile níos sábháilte ar fáil. Beidh srianta mótarbhealaigh i bhfeidhm ón acomhal le comharthaí soir.

Tá na soláthairtí atá beartaithe do choisithe agus rothaithe léirithe i bhFíoracha 5.7.01 go 5.7.22 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo.

#### 5.4.1.2.2 Fálú agus Bacainní

Ag tús na céime tógála cuirfear fálta timpeall na talún atá le fáil de réir líne teorann an N6 GCRR atá beartaithe agus cuirfear srian ar an mbealach tríthi. D'fhéadfadh go mbeadh gá le fálta nó ballaí cláir sealadacha tógála sula gcuirfear suas fálta buana chun an láithreán a dhéanamh slán agus teacht isteach gan chead a chosc.

Cuirfear suas fálta ó thaobh bóthair beartaithe an fháil. I gceantair ina gcuimsíonn na tailte laistigh de líne na teorann atá beartaithe gnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de SAC Loch Coirib, beidh na fálta buana suite idir an bóthar atá beartaithe agus an ghnáthóg Iarscríbhinn I agus ní bheidh siad suite laistigh de na limistéir ghnáthóige.

Beidh cineálacha difriúla fálta ar fud an N6 GCRR atá beartaithe ag brath ar na riachtanais éagsúla agus d'fhéadfadh sé go mbeidís sealadach. I measc na gcineálacha fáil beidh cuaillí agus ráillí adhmaid, ballaí saoirseachta, fáil déanta de phailisí cruaiche, bacainní torainn, uchtbhallaí etc. Cuirfear fálta, bacainní sábháilteachta agus uchtbhallaí ar fáil ar an N6 GCRR atá beartaithe chun riachtanais na bhFoilseachán agus na dtreoirdhoiciméid reatha de chuid TII a chomhlíonadh.

Fálta mionsonraithe caighdeánacha a úsáidtear de ghnáth ar scéimeanna den chineál seo ach d'fhéadfadh sé go mbeadh riachtanais shonracha an láithreáin difriúil i dtimpeallachtaí tuaithe agus uirbeacha ar fud an N6 GCRR atá beartaithe. Cuirfear ballaí nua in ionad na mballaí teorann cónaithe agus gnó atá ann cheana féin sa chás go mbeidh tionchar ag an N6 GCRR atá beartaithe orthu.

Tugadh córas um shrianadh feithicle i gcrích de réir DN-REQ-03034 Bacainní Sábháilteachta agus DN-STR-03011 (Dearadh Uchtbhallaí Feithicle agus Coisí). Cé go ndearnadh nuashonrú ar DN-REQ-03034 i mí na Bealtaine 2019, tá dearadh an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán nuashonraithe. Tá caighdeán DN-STR-03011 mar an gcéanna ó 2017 i leith. Déileáladh le gach guais atá suite laistigh den chrios soiléir i gcomhréir le sainmhínithe, aicmiú agus rangú guaise. Beidh gá fálta laistigh de chrios soiléir sainithe an tráchtá feithicle a chur isteach mar fhálta chuaille adhmaid agus mhogalra teannais i gcomhréir le Foilseachán TII DN-REQ-03034. Féach freisin Caibidil 8, Bithéagsúlacht maidir le suíomh an fháil atá díonta ar mhamaigh, agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh maidir le torann a mhaolú agus na fíoracha lena mbaineann dá suíomhanna.

Tá líníochtaí de na cineálacha fálta atá beartaithe san áireamh i bhFíoracha 5.5.01 go 5.5.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Is in A.1.9 de IFB 2019 a cuireadh na fíoracha sin isteach i dtosach. Tá na sonraí caighdeánacha tógála do gheataí agus ballaí cloiche san áireamh in Aguisín A.5.4 den TMTT nuashonraithe seo.

**5.4.1.2.3 Soilse**

Comhlíonfaidh dearadh na soilse bóthair ceanglais BS5489-1 (a nuashonraíodh i mí na Bealtaine 2020), IS EN 13201 (gan athrú ó 2018) agus DMRB TD 34-07 na Ríochta Aontaithe (gan athrú ó 2018) agus aguisín TII (DN-LHT-03038. Leis sin cinnteofar go mbeidh an truailliú ó shoilse chomh híseal agus is féidir. Cé go ndearnadh nuashonrú ar BS5489-1 i mí na Bealtaine 2020, tá dearadh an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán nuashonraithe.

Tá suiteáil na soilse bóthair atá beartaithe breithnithe agus deartha in iarracht mhór go mbeadh srian ar shárú soilse.

Glacadh bearta éagsúla chun a chinntiú soilse a chur sna háiteanna sin a bhfuil gá leo agus sna háiteanna sin amháin. Sa bhreis ar chur chuigí deartha deachleachtais traidisiúnta, baineadh feidhm as teicneolaíochtaí nua-aimseartha agus as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun teorainn a chur le doirteadh soilse. Maidir le soilse bóthair, tá feidhm leis na nithe seo a leanas tríd is tríd:

- Laindéir LED a úsáid ar a bhfuil scaipeadh ga solais soiléir agus rialaithe, crochta ar cholúin nach dtéann thar 10m in airde. Ach a gcuirtear iad i gcomparáid le lampaí díluchtaithe traidisiúnta agus teicneolaíochtaí laindéir, soláthrófar laghdú suntasach ar shárú soilse go dtí na ceantair agus na réadmhaoine thart timpeall
- Cuirtear na laindéir in airde ar bhracanna le claonadh 0° leis an gcothrománach, cé go mba ghnáth claonadh 5° a bheith i gceist le teicneolaíochtaí níos sine nó in áiteanna solas-íogair níos lú
- Scaoileann na laindéir LED 0% dá gcuid soilse os cionn an chothrománach, is ionann sin agus a rá nach scaoiltear aon solas go díreach isteach sa spéir san oíche. Roghnaíodh na laindéir chun a chinntiú go mbeidh an laghad solais agus is féidir dírithe laistiar de na laindéir

Tá dearadh cruthaithe leis na gnéithe sin go léir curtha san áireamh atá ag cloí leis na caighdeáin iomchuí a luadh roimhe seo, ach is dearadh atá ann freisin a thug aird chuí ar nádúr íogair na gceantar mórthimpeall. Tá sé beartaithe soilse poiblí a chur ar fáil ag timpealláin an N6 GCRR atá beartaithe ar mhaithe le sábháilteacht. Déantar soláthar do shoilse freisin ag acomhail Bhóthar na Ceapaí, Bhóthar Bhaile an Mhóinín, Bhóthar Leitrí an N59, Bhóthar Áth Cinn an N84, Bhóthar Thuama an N83 agus Chúil Each agus na sliosbhóithre a ghabhann leo i gcomhréir le Treoirlínte TII. Freisin cuirfear soilse ar fáil ag na bealaí isteach ag Tollán Leacaigh agus Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe.

Beidh soilse ar Cheangail Pháirc Gnó Thuaisceart na Cathrach, Bóthar Ceangail na Páirce Móire agus Bóthar Ceangail ó Thuaidh agus ó Dheas an N59 toisc gur bóithre uirbeacha iad. Cuirfear soilsiú ar fáil ag na carrchlóis ag na foirgnimh cothabhála tolláin ag Cairéal Leacaigh freisin.

Tá soilse faoi láthair ar Acomhal Chorrán Bhaile an Bhriotaigh, an chuid theas de Bhóthar Thuama an N83 mar atá ann faoi láthair (Ch. 14+000), ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus ar an gcuid theas de Bhóthar Rathúin ag acomhal beartaithe Bhóthar Rathúin. Déanfar an soláthar soilsithe a leathnú sna ceantair sin chun ceangal le soláthar soilse an N6 GCRR atá beartaithe.

Léirítear i bhFíoracha 5.4.01 go 5.4.15 airde na gcolún soilsithe bóthair agus a suíomhanna beartaithe chomh maith leis an doirteadh soilsithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Áirítear le hAguisín A.5.1. an soilsiú atá beartaithe do na carrchlóis ag na foirgnimh cothabhála tolláin. Déantar measúnú ar thionchair dhíreacha agus indíreacha fhéideartha na soilse atá beartaithe ar an éiceolaíocht i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht agus ar dhaoine i gCaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus i gCaibidil 19, Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine.

#### 5.4.1.2.4 Oibreacha Créafóige agus Dromchlaí Bóthair

Pléitear na gnéithe a bhaineann le hoibreacha créafóige ar nós cainníochtaí, campúin láithreáin beartaithe agus bealaí iompair i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála agus i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht.

Rinneadh dearadh na gcosán do gach bóthar agus an saol deartha agus lastáil acastóra cuí á gcur san áireamh i gcomhréir le doiciméad reatha TII PE-SMG-02002 aguisín do HD 24/06 Measúnú Tráchta (gan athrú ó 2018) agus DN–PAV-03021 Dearadh Cosáin agus Bunsraithe (a nuashonraíodh i mí Lúnasa 2022). Bainfear úsáid as dromchla torainn ísil d'achar iomlán phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe agus ag acomhail. Cé go ndearnadh nuashonrú ar DN–PAV-03021 i mí Lúnasa 2022, tá dearadh an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán nuashonraithe.

#### 5.4.1.2.5 Struchtúir

Cuimsítear leis an N6 GCRR atá beartaithe 164 struchtúr san iomlán de réir TMTT 2018. I dTábla 5.3 thíos tugtar achoimre ar na 164 struchtúr a chuimsítear leis an N6 GCRR atá beartaithe.

**Tábla 5.3 Léargas ar Struchtúir**

| Grúpa Struchtúir | | Forbhreathnú |
|---|---|---|
| Struchtúir Mhóra | Droichead Abhainn na Gaillimhe | Téann Droichead Abhainn na Gaillimhe trasna Abhainn na Gaillimhe agus téann sé trí SAC Loch Coirib. Tá sé gar do Chaisleán Mhionlaigh agus trasnaíonn sé Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe. Is é leithead na habhann ag an trasbhealach ná thart ar 153m. |
| | Tarbhealach Mhionlaigh | I gceantar Mhionlaigh, iomprófar an N6 GCRR atá beartaithe ar tharbhealach chun na tionchair fhéideartha a laghdú ar phábháil Aolchloiche atá díreach in aice le teorainn SAC Loch Coirib agus le Turlach. |
| | Tollán Leacaigh | Rachaidh an N6 GCRR atá beartaithe i dtollán faoi bhun SAC Loch Coirib díreach taobh thiar de Chairéal Leacaigh arb é is aidhm leis tionchair dhíreacha a sheachaint ar ghnáthóga Iarscríbhinn I ar an dromchla; is iad sin pábháil Aolchloiche agus tailte féaraigh Calcaireacha. Tógfar an tollán seo ar bhealach go seachnófar aon dífhoirmiú ar an ngnáthóg Iarscríbhinn I ar an dromchla. Meastar go dtógfar an tollán seo agus úsáid á baint as modhanna tolláin (druileáil agus pléasc). Féach Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála le haghaidh tuilleadh sonraí. |
| | Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe | Cuirfear spás ar fáil don N6 GCRR atá beartaithe i dtollán 240m gearrtha agus cumhdaithe i gceantar Bhaile an Bhriotaigh chun an tionchar iarmharach ar Ráschúrsa na Gaillimhe a laghdú. Meastar go dtógfar an tollán seo agus úsáid á baint as an modh gearrtha agus cumhdaithe. Féach Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála le haghaidh tuilleadh sonraí. |

| Grúpa Struchtúir | | Forbhreathnú |
|---|---|---|
| Tardhroichid Chaighdeánacha | | Tá an grúpa sin de struchtúir déanta suas de 7 ndroichead caighdeánach agus iad ag iompar taobh-bhóithre os cionn an N6 GCRR atá beartaithe. Is gnách gur droichead 2 nó 3 réise a bheidh iontu agus réisí soiléire oscailte acu. |
| Fodhroichid Chaighdeánacha | | Tá an grúpa struchtúir sin comhdhéanta de 10 bhfodhroichead caighdeánacha agus iad ag iompar an N6 GCRR atá beartaithe os cionn bóithre áitiúla agus caighdeánacha. Ar bhóithre áitiúla, is gnách go nglacfar le socrú fhráma tairsí aon-réise; ar thrasbhealaí bóithre réigiúnacha roghnófar réise(réisí) soiléire oscailte. |
| Struchtúir Eile | Struchtúir Choinneála | Tá 15 struchtúr coinneála aitheanta faoi láthair. Meastar go mbeidh siad siúd déanta de chré treisithe agus/nó balla coinneála coincréite treisithe. |
| | Lintéir & Mionbhealaí trasna Sruthchúrsa | Faoi láthair tá thart ar 43 struchtúr de chineál lintéir ann, agus lintéir struchtúracha atá i 28 acu, chun freastal ar dhraenáil agus sruthchúrsaí agus ar fhiadhúlra faoin N6 GCRR atá beartaithe. |
| | Droichid Chomhartha | Tógfar 29 ndroichead comhartha i gcomhréir le DN-STR-03010 agus Sonraí Caighdeánacha Tógála an TII um dhroichid chomhartha. |
| | Bacainní Torainn Chomhshaoil | Tógfar 56 bacainn torainn. Tá suíomh, foirm agus cineál na mbacainní torainn chomhshaoil léirithe i bhFíoracha 18.1.01 go 18.1.14. |

Seo a leanas achoimre ar na príomhstruchtúir atá le tógáil don N6 GCRR atá beartaithe agus tá siad mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018, agus cuirtear fíoracha na struchtúr seo ar fáil in Aguisín A.5.2 (a cuireadh i láthair i dtosach in A.1.1 go A.1.8 de IFB 2019):

***Droichead Abhainn na Gaillimhe***

Trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe Abhainn na Gaillimhe ar struchtúr droichid (S08/04) ó Ch. 8+850 go Ch. 9+500(650m ar fad). Tá an struchtúr beartaithe comhdhéanta de dhroichead ocht-réise a iompraíonn an N6 GCRR atá beartaithe thar Abhainn na Gaillimhe in aice le claífort coinnithe agus cúig oscailt lintéir ar an mbealach isteach ó thoir. Is éard atá sa struchtúr atá beartaithe ná aon bhosca coincréite amháin de dhoimhneacht éagsúil (idir 3m agus 7m) gan tacaí san abhainn agus tá an phríomhréise thar an abhainn comhionann le 153m. Tá na réisí taobh leis comhdhéanta d'aon bhosca coincréite amháin de dhoimhneachtaí éagsúla agus é ag méadú ó 3m go 7m ar doimhneacht chuig an bpríomhréise. Tá na réisí eile ar an mbealach isteach ó thiar comhdhéanta d'aon bhosca coincréite amháin de dhoimhneacht shíoraí 3m agus nascann an bealach isteach eile ó thoir le claífort coinnithe agus cúig oscailt lintéir chun teacht is imeacht fiadhúlra a éascú. Tacófar leis an bhforstruchtúr ar phiaraí coincréite treisithe. Ar chúiseanna aeistéitice, moltar tacáin chlaona seachas tacáin ingearacha.

***Tarbhealach Mhionlaigh***

Tá struchtúr mionlaigh, Tarbhealach Mionlaigh (S10/01) ó Ch. 10+100 go Ch. Tá 10+420 suite lasmuigh de SAC Loch Coirib ach in aice leis. Tá fad iomlán an droichid socraithe de réir achar na gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I a dtrasnaíonn sé thairsti, is é sin pábháil Aolchloiche agus Turlach (a bhfuil siad go léir lasmuigh de theorainn SAC Loch Coirib) agus laghdóidh sé sin an tionchar féideartha ar na gnáthóga sin go léir. Is é fad iomlán an tarbhealaigh ná thart ar 320m, agus tá an N6 GCRR ar chlaífort ar an dá bhealach isteach chuige. Cuimsíonn an tarbhealach ocht réise d'fhad réise 40m comhchosúil. Rinneadh athrú ar fhaid na réisí chun tionchar an fhostruchtúir agus na mbunsraitheanna ar an gCosán Aolchloiche agus an Turlach a laghdú.

Is é an t-íosfhad idir tarr an fhorstruchtúir agus leibhéal na talún ná thart ar 1.5m ag aon phointe fáiscthe amháin in ionad phointe ard an lomán carraige ar an taobh thiar. Beidh forstruchtúr na trasdeice comhdhéanta de bhíomaí réamhdhéanta iartheannta a thacaíonn le trasdeic choincréite in situ. Beidh an fostruchtúr comhdhéanta de ghnáthphiaraí coincréite réamhdhéanta ag tacaí idirmheánacha agus tacófar leis na bíomaí shuíochán bruacha ag na teanntaí ar chóras oibreacha créafóige atreisithe. Níl aon tacaí forstruchtúir beartaithe laistigh d'achar an Turlaigh.

***Tollán Leacaigh***

Tá Tollán Leacaigh (S11/01) 270m ar fad agus tá sé suite ag Ch. 11+150 go Ch. 11+420. Tá tairseach thoir Thollán Leacaigh suite laistigh de Chairéal Neamhghníomhach Leacaigh, ar cairéal aolchloiche é.

Rachaidh an chuid lár den tollán faoi SAC Loch Coirib, agus tá sé beartaithe go mbeidh an tairseach thiar suite i bpáirc thalmhaíochta, lasmuigh de SAC Loch Coirib.

Is é príomhfheidhm Thollán Leacaigh agus a Bhealach Isteach Thiar ná Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) Loch Coirib a thrasnú idir Cairéal Leacaigh agus Mionlach gan tionchar díreach a bheith aige ar an bPábháil Aolchloiche ná ar an bhféar Calcaireach laistigh de SAC Loch Coirib. Chun é sin a bhaint amach tá gá le modh sábháilte do bhaint agus do thógáil an tolláin sa mhéid is nach mbeidh aon tionchar ag tógáil ná oibriú an tolláin ar SAC Loch Coirib, mar a phléitear i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála agus Aguisín A.7.3.

***Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe***

Tá Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe (S14/02) mar atá beartaithe comhdhéanta de thollán 'gearr agus clúdaigh' dhá fheadáin de choincréit atreisithe agus ball láir ann atá 240m ar fad. Is é cuspóir Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe ná drochthionchair deartha a sheachaint, is iad sin gan cur isteach ar oibríochtaí agus fheidhmiú, ar Ráschúrsa na Gaillimhe. Téann an phríomhlíne atá beartaithe trí chúinne thiar thuaidh réadmhaoin Ráschúrsa na Gaillimhe agus chun í a bhaint amach tá gá le Ch. 14+950 go Ch. 15+190, agus is é an toradh a bheidh air sin ná fad tolláin de thart ar 240m.

***Fodhroichid***

Tá 10 bhfodhroichead aitheanta sa dearadh reatha, a dhéanfaidh an N6 GCRR atá beartaithe a iompar thar bhóithre áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Is droichid aon-réise iad na fodhroichid go léir. Tá trí phríomhchineál fodhroichid beartaithe:

- Cineál 1: Struchtúr curtha de bhosca coincréite atreisithe
- Cineál 2: Trasdeic agus teannta ball cré atreisithe uirthi
- Cineál 3: Deic choincréite agus fána taoibh uirthi

Cuimseoidh fodhroichid thar Bhóithre Náisiúnta réisí oscailte soiléire mar is cuí, mar aitheantas ar an bhfíric go mbeidh sé fíor-éasca na droichid sin a fheiceáil mar gheall ar mhéid níos mó tráchta ar na Bóithre Náisiúnta sin.

Tá na fodhroichid chaighdeánacha atá beartaithe suite i slabhraíochtaí mar a shonraítear i dTábla 5.4 thíos, i dteannta leis an N6 GCRR. atá beartaithe.

**Table 5.4 Slabhraíochtaí príomhlíne na bhfodhroichead caighdeánach**

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach |
|---|---|
| S06/01 - Fodhroichead Bhóthar Rathúin | Ch. 6+335 |
| S07/01 - Fodhroichead Bhóthar Leitrí | Ch. 7+290 |
| S07/02 - Fodhroichead Bhóthar Ceangail an N59 | Ch. 7+570 |
| S08/02 - Fodhroichead Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 | Ch. 8+540 |
| S09/01 - Fodhroichead Bhóithrín Mhionlaigh | Ch. 9+730 |
| S10/02 - Fodhroichead an tSeanbhóthair | Ch. 10+520 |
| S12/01 - Fodhroichead Bhóthar Áth Cinn an N84 | Ch. 12+150 |
| S13/02 - Fodhroichead Bhóthar Thuama an N83 | Ch. 13+975 |
| S15/01 - Fodhroichead Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise | Ch. 15+725 |
| S15/02 – Fodhroichead Bhóthar Mhuine Mheá an R339 | Ch. 15+880 |

***Tardhroichid***

Tá seacht dtardhroichead beartaithe agus is í an fheidhm atá ag gabháil leo ná:

- Is tardhroichid iad Struchtúr S01/01, S03/01, S13/01, agus S14/01 a bhfuil gá leo le bóithre áitiúla a iompar thar an N6 GCRR atá beartaithe
- Léirítear an príomhlíonra gáis thar an N6 GCRR ata beartaithe in S13/01
- Tá gá le Struchtúr S12/02 mar thrasbhealach do mhamaigh (droichead glas) thar an N6 GCRR atá beartaithe
- Tá gá le Struchtúr S16/01 agus S16/02 ag Acomhal Chúil Each chun rochtain saorshreafa a chur ar fáil idir an R446 agus an N6 GCRR atá beartaithe

Tá na tardhroichid chaighdeánacha beartaithe ar fáil ina slabhraíochtaí mar a shonraítear i dTábla 5.5 thíos, feadh an N6 GCRR atá beartaithe.

**Tábla 5.5 Slabhraíochtaí príomhlíne na dtardhroichead caighdeánach**

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach |
|---|---|
| S01/01 - Tardhroichead ó Na Foraí Maola go Troscaigh | Ch. 1+375 |
| S03/01 - Tardhroichead Bharr Aille | Ch. 3+300 |
| S12/02 - Tardhroichead Fhiadhúlra an Chaisleáin Ghearr | Ch. 12+700 |
| S13/01 - Tardhroichead Bhóthar na Scoile | Ch. 13+185 |
| S14/01 - Tardhroichead Bhóthar Ceangail na Páirce Móire | Ch. 14+375 |
| S16/01 - Tardhroichead Acomhal Chúil Each (Malairt slí EB go R446) | Ch. 16+410 |
| S16/02 - Tardhroichead Acomhal Chúil Each (Teacht isteach EB ó R446) | Ch. 16+830 |

***Lintéir agus Íosbhealaí***

Dearadh lintéir hiodrálacha chun go mbeadh an tionchar ar riosca na dtuilte suas an abhainn agus síos an abhainn chomh híseal agus is féidir. Chomh maith leis na riachtanais hiodrálacha do thrasbhealaí an N6 GCRR atá beartaithe, rinneadh breithniú freisin ar ghluaiseacht mamach i roinnt ceantar atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de. Méadaíodh cuid de na lintéir hiodrálacha chun gluaiseacht a cheadú le haghaidh réimse speicis mhamaigh; mar shampla madraí uisce, broic agus ialtóga.

Cuirtear liosta iomlán de na lintéir agus na híosbhealaí ar fáil i dTábla 5.6 agus tá siad go léir mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

**Tábla 5.6 Lintéir agus Íosbhealaí**

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach | Feidhm | Riachtanais Eile |
|---|---|---|---|
| C00/00 | Ch. 0+550 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C00/01 | Ch. 0+640 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |
| C00/02 | Ch. 0+975 | Lintéar Hiodrálach | - |
| C01/01 | Ch. 1+550 | Lintéar Hiodrálach | - |
| C02/01a | Ch. 2+740 | Lintéar Hiodrálach | - |
| C02/01b | Ch. 2+840 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach | Feidhm | Riachtanais Eile |
|---|---|---|---|
| C03/01 | Ch. 3+040 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |
| C03/02 | Ch. 3+350 | Lintéar Hiodrálach | - |
| C03/03 | Ch. 3+920 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |
| C03/04 | Ch. 3+640 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |
| C04/01 | Ch. 4+100 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | Scairbh Madraí Uisce |
| C04/02 | Ch. 4+895 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | Scairbh Madraí Uisce |
| C05/01 | Ch. 5+270 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C06/00 | Ch. 6+450 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C06/01 | Ch. 6+850 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |
| C06/01b | Ch. 6+850 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C07/00 | Ch. 7+100 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C07/01a | Ch. 1+620 | Lintéar Hiodrálach | - |
| C07/01b | Ch. 1+610 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C07/02a | Ch. 7+210 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |
| C07/02B | Ch. 7+290 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |
| C07/04 | Ch. 0+700 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C08/01 | Ch. 8+640 | Lintéar Hiodrálach | - |
| C08/01a | Ch. 8+450 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C08/02 | Ch. 8+760 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C08/04 | Ch. 8+570 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C08/05 | Ch. 8+643 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C09/01 | Ch. 9+525 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C09/02 | Ch. 9+540 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C09/03 | Ch. 9+560 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C09/04 | Ch. 9+570 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C09/05 | Ch. 9+580 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C09/06 | Ch. 9+710 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C09/07 | Ch. 9+920 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C10/01 | Ch. 10+040 | Íosbhealach Mamaigh agus réisiú thar chosán Aolchloiche nochta | - |
| C10/02 | Ch. 10+740 | Lintéar Hiodrálach & Íosbhealach Mamaigh i dteannta a chéile | - |
| C10/02a | Ch. 10+740 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C12/01 | Ch. 12+130 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C12/02 | Ch. 12+350 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C12/03 | Ch. 12+390 | Íosbhealach Mamaigh | - |

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach | Feidhm | Riachtanais Eile |
|---|---|---|---|
| C12/04 | Ch. 12+450 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C13/01 | Ch. 13+980 | Íosbhealach Mamaigh | - |
| C13/02 | Ch. 13+710 | Íosbhealach Mamaigh | - |

***Struchtúir Eile***

Cuimsítear roinnt struchtúr eile sa N6 GCRR atá beartaithe. Ina measc siúd tá struchtúir choinneála, droichid chomhartha agus bacainní torainn.

Tá na struchtúir choinneála beartaithe ar fáil ag slabhraíochtaí a luaitear i dTábla 5.7 thíos, feadh an N6 GCRR atá beartaithe tá siad mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

**Tábla 5.7 Suíomh na struchtúr coinneála**

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach |
|---|---|
| R04/01 | Ch. 4+450 |
| R08/01 | Ch. 8+325 |
| R08/02 | Ch. 8+390 |
| R08/03a | Ch. 8+475 |
| R08/07 | Ch. 8+550 |
| R08/08 (Bóthar Ceangail ó Thuaidh an N59) | N59 LRN* Ch. 0+100 |
| R08/09 | Ch. 8+400 |
| R09/01 | Ch. 9+510 |
| R09/02 | Ch. 9+510 |
| R09/03 | Ch. 9+825 |
| R12/01 | Ch. 12+300 |
| R14/03 | Ch. 14+550 |
| R14/05 | Ch. 14+890 |
| R15/01 | Ch. 15+630 |
| R15/02 | Ch. 15+750 |

Nóta: *N59 LRN = Bóthar Ceangail ó Thuaidh an N59

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil struchtúir choinneála eile beartaithe in áiteanna eile ar an N6 GCRR atá beartaithe, mar shampla ag an mbealach isteach thiar go dtí Tollán Leacaigh, ag Struchtúr S11/01, mar theanntaí do thardhroichid agus fodhroichid, etc. Cuimsítear na struchtúir choinneála sin leis an struchtúr lena mbaineann.

Tá na droichid comharthaí atá beartaithe ar fáil ag slabhraíochtaí a shonraítear i dTábla 5.8 thíos, feadh phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe.

**Tábla 5.8 Suíomh na nDroichead Comharthaí**

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach | Cineál droichid | Suíomh / réise cliathánach | Nótaí Tráchta |
|---|---|---|---|---|
| G06/01 | Ch. 6+260 | Starrmhaide | Ciumhais soir | Comhartha Teachtaireachtaí Athraithe |
| G06/02 | Ch. 6+950 | Starrmhaide | Ciumhais soir | Comhartha Réamhthreoracha |
| G08/01 | Ch. 8+340 | Starrmhaide | Ciumhais siar | Comhartha Réamhthreoracha |

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach | Cineál droichid | Suíomh / réise cliathánach | Nótaí Tráchta |
|---|---|---|---|---|
| G10/01 | Ch. 10+075 | Starrmhaide | Ciumhais soir | Comhartha Teachtaireachtaí Athraithe |
| G10/02 | Ch. 10+470 | Geata | Trasna Lánaí Soir | Comhartha Réamhthreoracha<br>Comhartha Cliste Iompair |
| G10/03 | Ch. 10+600 | Geata | Trasna lánaí soir | Comhartha Cliste Iompair |
| G10/04 | Ch. 10+840 | Geata | Trasna Lánaí Soir | Comhartha Réamhthreoracha<br>Comhartha Cliste Iompair |
| G11/01 | Ch. 11+030 | Geata | Trasna an charrbhealaigh iomláin | Comhartha Cliste Iompair |
| G11/02 | Ch. 11+525 | Geata | Trasna lánaí siar | Comhartha Cliste Iompair |
| G11/03 | Ch. 11+600 | Geata | Trasna lánaí soir &malairt slí | Comhartha Treorach<br>Comhartha Cliste Iompair |
| G11/04 | Ch. 11+775 | Geata | Trasna lánaí soir &teacht isteach | Comhartha Cliste Iompair |
| G12/01 | Ch. 12+060 | Geata | Trasna lánaí siar | Comhartha Cliste Iompair |
| G12/02 | Ch. 12+450 | Geata | Thar theacht isteach ón taobh Thiar amháin | Comhartha Réamhthreoracha |
| G12/03 | Ch. 12+725 | Geata | Thar gach lána Siar | Comhartha Treorach |
| G12/04 | Ch. 12+950 | Geata | Thar gach lána Soir | Comhartha Réamhthreoracha<br>Comhartha Teachtaireachtaí Athraithe |
| G13/01 | Ch. 13+190 | Geata | Thar gach lána Siar | Comhartha Réamhthreoracha<br>Comhartha Teachtaireachtaí Athraithe |
| G13/02 | Ch. 13+450 | Geata | Trasna lánaí soir &malairt slí | Comhartha Treorach |
| G13/03 | Ch. 13+610 | Geata | Thar theacht isteach ón taobh Thiar amháin | Comhartha Réamhthreoracha |
| G14/01 | Ch. 14+250 | Geata | Trasna lánaí siar | Comhartha Cliste Iompair |

| Ainm an Struchtúir | Slabhraíocht Neasach | Cineál droichid | Suíomh / réise cliathánach | Nótaí Tráchta |
|---|---|---|---|---|
| G14/02 | Ch. 14+650 | Geata | Trasna an charrbhealaigh iomláin | Comhartha Treorach<br>Comhartha Cliste Iompair |
| G14/03 | Ch. 14+810 | Geata | Trasna an charrbhealaigh iomláin | Comhartha Réamhthreoracha<br>Comhartha Cliste Iompair |
| G15/01 | Ch. 15+290 | Geata | Trasna an charrbhealaigh iomláin | Comhartha Réamhthreoracha<br>Comhartha Cliste Iompair |
| G15/02 | Ch. 15+510 | Geata | Trasna lánaí siar | Comhartha Cliste Iompair |
| G15/03 | Ch. 15+690 | Tairseach | Trasna Lánaí Siar | Comhartha Réamhthreoracha<br>Comhartha Cliste Iompair<br>Comhartha Teachtaireachtaí Athraithe |
| G15/04 | Ch. 15+820 | Starrmhaide | Ciumhais soir | Comhartha Treorach |
| G15/05 | Ch. 15+925 | Starrmhaide | Ciumhais siar | Comhartha Teachtaireachtaí Athraithe |
| G16/01 | Ch. 16+900 | Geata | Trasna malairt slí siar amháin | Comhartha Treorach |
| G17/01 | Ch. 17+320 | Starrmhaide | Ciumhais siar | Comhartha Treorach |
| G18/01 | Ch. 18+090 | Starrmhaide | Ciumhais siar | Comhartha Teachtaireachtaí Athraithe |

#### 5.4.1.2.6 Tírdhreachadh

Pléitear na gnéithe a bhaineann le tírdhreachú i gCaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc.

#### 5.4.1.2.7 Draenáil

Mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe tógfar córas draenála nua ina gcuimsítear córas do bhailiú uisce dromchla a chur ar fáil, draenáil oibreacha créafóige, draenáil fodhromchla, maolú agus rialú ar thruailliú, agus lintéir a chur i sruthanna atá ann cheana féin. Dearadh an N6 GCRR atá beartaithe ar bhealach go gcuirfear draenáil uisce dromchla agus draenáil fodhromchla ar fáil don charrbhealach príomhlíne atá beartaithe, d’acomhail, bóithre ceangail, gach cuid nua de bhóithre áitiúla agus tá gach rud mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018. De bharr na stáblaí sealadacha a chur i ngarpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe, tá gá anois le lochán draenála breise a chur ar fáil. Baineadh gnéithe draenála mar thoradh ar pháirceanna fhéarbhunaithe CLG a bhaint ag Ollscoil na Gaillimhe. Tugtar na hathruithe sin faoi deara nuair is ábhartha san alt seo den TMTT nuashonraithe seo.

Mar gheall ar na gnéithe geografacha codarsnacha thar fhairsinge an N6 GCRR atá beartaithe is féidir an cineál draenála nádúrtha a roinnt ina dhá chatagóir siar agus soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59.

Tá scaoileadh nádúrtha báistí agus draenáil uisce dromchla siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ar dhromchla go pointí ísle sa topagrafaíocht áit a bhfuil díoga agus sruthanna éadoimhne inti. Eibhear atá sa bhuncharraig. Is uiscíoch dona ar bheagán tábhachta é seo i gcás ina bhfuil an bhuncharraig neamhthorthúil den chuid is mó ach amháin i gcás criosanna áitiúla (tag. Caibidil 10, Hidrigeolaíocht). Tá an maoschlár gar go leor don dromchla den chuid is mó.

Tá scaoileadh nádúrtha báistí agus draenáil uisce dromchla soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ar dhromchla ag dul díreach go talamh, agus teagmhais fhoircneacha ag pointí ísle agus ar lochanna ísle sa topaghrafaíocht. Aolchloch atá sa bhuncharraig. Is é atá san uiscíoch ná uiscíoch carstach ina bhfuil sreabhadh seolphíobháin chun tosaigh agus a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leis (tag. Caibidil 10, Hidrigeolaíocht). Seachas Abhainn na Gaillimhe, Abhainn Thír Oileáin, Loch an Dúlaigh agus Lochanna Chúil Each níl aon sruthchúrsaí móra eile sa cheantar soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59.

Tá an dá chatagóir dhifriúla de dhraenáil nádúrtha mar bhonn do chur chuige an dearaidh dhraenála don N6 GCRR atá beartaithe. Chomh maith le huisce a bhaint go héifeachtach ó dhromchla an bhóthair agus ón gcosán, is é an aidhm atá i gceist le dearadh na draenála ná tionchar an rith chun srutha ón N6 GCRR atá beartaithe chuig an timpeallacht ghlactha a íoslaghdú trí aithris a dhéanamh an oiread is féidir, ar na sreafaí nádúrtha uisce thar an N6 GCRR atá beartaithe. Baintear é sin amach agus úsáid á baint as bearta éagsúla um dhraenáil inbhuanaithe.

Ós rud é go scaoilfear uisce dromchla arna bhailiú ag an gcóras draenála carrbhealaigh atá beartaithe chuig sruthchúrsaí nó séaraigh stoirme atá ann cheana féin, más ann dóibh, atá trasnaithe ag an N6 GCRR atá beartaithe nó in aice leis nó scaoilfear chuig an talamh trí hinsíothlú é. Cuirfear bearta maidir le rialú sreafa ar fáil ag gach sruth éalaithe agus pointe scaoilte fad an N6 GCRR atá beartaithe chun a chinntiú nach mbeidh aon drochéifeachtaí suas an abhainn ná síos an abhainn ag an sruthchúrsa nó séarach glactha. Socraíodh méid imchuacha insíothlaithe chun neart ama a cheadú don insíothlú scaoileadh chun na talún. Cuirfear bearta maidir le rialú truaillithe ar fáil ar gach líonra draenála bóthair ar an bpríomhlíne roimh dhul chuig sruth éalaithe/scaoileadh chun a chinntiú nach ndéantar na dobharlaigh uisce glactha a éilliú ag rith chun srutha ón N6 GCRR atá beartaithe.

Mar achoimre, seo a leanas an bonn dearaidh don straitéis draenála:

- Siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 scaoilfear an t-uisce dromchla arna bhailiú ag córas draenála an charrbhealaigh chuig sruthchúrsaí atá trasnaithe ag an N6 GCRR atá beartaithe nó in aice leis a théann i sruth éalaithe go Cuan na Gaillimhe sa deireadh
- Soir ó Bhóthar an N59 scaoilfear an t-uisce dromchla arna bhailiú ag córas draenála an charrbhealaigh chun na talún trí hinsíothlú ach amháin an dá líonra draenála (S18A agus S18B féach ar Fhíor 11.6.107) a scaoilfear go díreach chuig Abhainn na Gaillimhe agus trí líonra (S14A, S14B agus S15 féach ar Fhíor 11.6.106) a scaoileann go craobh-aibhneacha agus a imíonn i sruth éalaithe go hAbhainn na Gaillimhe sa deireadh

Glacadh leis na nósanna imeachta don dearadh draenála ar an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir le Foilseacháin reatha TII, treoirdhoiciméid agus modhanna dea-chleachtais.

### *Sruthchúrsaí*

Trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe roinnt sruthchúrsaí a bhfuil ina measc Sruth Bhearna agus a chuid craobh-aibhneacha, Abhainn na Gaillimhe agus roinnt sruthanna níos lú. Trasnófar sruthanna agus aibhneacha agus lintéir nó struchtúir droichid á n-úsáid.

Tá gá le haon mhórdroichead abhann amháin chun Abhainn na Gaillimhe a thrasnú mar a leagtar amach i gCuid 5.4.1.2.6.

Mar a tugadh faoi deara i gCuid 5.4.1.2.8, dearadh lintéir chun an tionchar ar riosca tuilte suas an abhainn agus síos an abhainn araon a íoslaghdú. Chomh maith leis na riachtanais hiodrálacha do thrasbhealaí an N6 GCRR atá beartaithe, coimeádadh i gcuimhne freisin gluaiseacht mamach i roinnt ceantar atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de. Méadaíodh cuid de na lintéir hiodrálacha chun freastal ar raon speiceas mamaigh; mar shampla madraí uisce, broic agus ialtóga. I gCuid 5.4.1.2.8 tugtar achoimre ar na lintéir hiodrálacha agus na struchtúir droichid atá beartaithe.

Cuireadh na struchtúir go léir atá beartaithe thar shruthchúrsaí atá ann cheana féin faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí le ceadú faoi Alt 50 den Acht Siltin Airtéirigh, agus ceadaíodh in 2016 iad. Tá toiliú den sórt seo bailí fós mar níor athraíodh na struchtúir agus na lintéir atá beartaithe agus níor tháinig athrú suntasach ar shreafaí na ndearaí agus leibhéil tuilte, agus cuireadh lamháltas saorbhoird leordhóthanach san áireamh sa mhéid bunaidh S50.

Cuireadh isteach mionsonraí athailínithe srutha is gá i gceantar na struchtúr agus faomhadh mar chuid de TMTT 2018 iad agus tá siad bailí fós.

Tá líon beag aibhneacha Salmainide a idirghníomhaíonn leis an N6 GCRR atá beartaithe. Chuathas i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann maidir leis na riachtanais um ghluaiseacht éisc sna suíomhanna sin. I ndearadh gach lintéir a iompraíonn sruthchúrsaí déantar soláthar d'íosdoimhneacht leabaithe de 150mm ar lintéir chiorclacha nó de 300mm ar lintéir bhosca dronuilleogaigh faoi leaba srutha nó don íosleibhéal mar a iarrtar ag Iascaigh Intíre Éireann. Is é an fáth leis sin ná athbhúnú éiceolaíocht an leaba srutha a spreagadh. Ba cheart leaba an chainéil in aghaidh an tsrutha agus le sruth ón lintéar a chur isteach arís le hábhar cosúil leis an ábhar a baineadh i rith tógála. Tá sé sin cosúil le leaba "nádúrtha" taobh leis an leaba srutha atá ann cheana féin, in aghaidh an tsrutha agus le sruth ón lintéar atá beartaithe. Déanfar lintéir bheartaithe a bheidh ag teacht isteach ar ghnáthóga éisc a dhearadh ar bhealach go gcinnteofar go mbeidh luas an tsreafa níos lú ná an luas snámha chun gluaiseacht éisc imirce a cheadú. Déanfar lintéir a dhearadh ar bhealach nach méadófar go mór an luas sa bhairille ó luas an tsruthchúrsa atá ann cheana féin.

Dearfar fánaí na lintéar atá beartaithe ar bhealach go ndéanfar fána an tsruthchúrsa atá ann féin a athchruthú áit is féidir. Áit is ábhartha, cuimseoidh dearadh an lintéir sciatha inbhéartaithe chun gluaiseacht éisc in aghaidh an tsrutha agus le sruth a éascú. Bainfear úsáid as bearta oiriúnacha chun a chinntiú go gcoimeádfar beostoc ó dhul isteach i lintéir.

### *Díoga Idircheapóra*

Teastaíonn díoga idircheapóra chun an sreabhadh thar tír a idircheapadh ón dobharlach nádúrtha taobh leis an N6 GCRR atá beartaithe (idir an chéim tógála agus oibriúcháin araon) agus chun déanamh linnte uisce taobh le claífoirt a chosc. Is é an fáth go n-úsáidtear díoga idircheapóra ná chun cosc a chur ar rith draenála ó chúirtealáiste an bhóthair isteach i dtailte taobh leis agus a mhalairt.

Cuirtear na díoga idircheapóra ar fáil ag barr an ghearrtha nó ag bonn claífoirt áit a dtiteann talamh i dtreo an N6 GCRR atá beartaithe chun sreabhadh thar tír a bhailiú. Socraíodh méid na ndíog chun freastal ar thréimhse athfhillte 1 bhliain as 75 bliain de réir DN-DNG-03064 – Draenáil Rith chun Srutha ó Abhantracha Nádúrtha (HD 106) (Meithimh 2015). Scaoilfear isteach i ndíog idircheapóra gach draein talún atá idircheaptha ag na hoibreacha atá beartaithe. Cuirfear cosaint sciúrtha ar fáil sa chás go sáraíonn luas 2.5m/s sna díoga idircheapóra.

Siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, scaoilfidh díoga idircheapóra go sruthanna, go haibhneacha agus séaraigh stoirme atá ann cheana féin. Mar gheall ar thopagrafaíocht dhroimneach na talún ar bhealach an N6 GCRR atá beartaithe teastaíonn roinnt achair mhóra gearrtha don draenáil oibreacha créafóige. Soir ó Abhainn na Gaillimhe scaoilfidh díoga idircheapóra chuig trinsí insíothlaithe atá lán le clocha agus atá suite taobh leis an N6 GCRR atá beartaithe. Cuirfear trasdraenacha ar fáil chun sreabhadh a iompar ó na díoga idirghabhála faoin N6 GCRR atá beartaithe chuig na suíomhanna srutha éalaithe/scaoilte áit is gá.

## *Draenáil Carrbhealaigh*

Cuirfear córas maidir le bailiú uisce dromchla ar fáil chun cloí le ceanglais deartha DN-DNG-03022 – Córais Draenála um Bóithre Náisiúnta (HD33/15) (Feabhra 2024). Cé go ndearnadh nuashonrú ar an gcaighdeán seo ón leagan roimhe seo i Márta 2015, ní athraítear an dearadh draenála leis seo. Cuimsítear leis an obair sin draenacha iompair cliathánacha chun freastal ar stoirm ar bhorrthonn de thréimhse athfhillte 1 bhliain gan formhuirear, agus gan tuilte sa charrbhealach atá beartaithe ar feadh tréimhse athfhillte 1 bhliain as 5 bliana le haghaidh scagdhraenacha. Áit a bhfuil comhdhraenach uisce dromchla agus screamhuisce beartaithe ní ardóidh stoirm thréimhse athfhillte 1 in 5 bhliain os cionn an leibhéal foirmíochta áit a bhfuil ciseal cáipíneach ann. Deartar na líonraí draenála le méadú 20% ar dhoimhneacht báistí a chuimsiú chun tionchar an athraithe aeráide a chur san áireamh.

Sa chuid thiar den N6 GCRR atá beartaithe ó Bhóthar an Chósta R336 go Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, tá an líonra draenála i gcomhréir le Fíor 3.1 de DN-DNG-03022 (HD33/15). Mar sin féin, sa chuid thoir den N6 GCRR atá beartaithe ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 chuig an bpointe ceangail leis an N6 atá ann cheana féin i gCúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, mar gheall ar nádúr carstach na buncharraige agus leochaileacht na mbunuiscíoch, tá gá le córas atá séalaithe go hiomlán chun glacadh leis an rith chun srutha ón gcarrbhealach atá beartaithe.

Bainfear é sin amach trí húsáid a bhaint as córas colbha, silteáin agus píobán iompair nó córas chainéal uisce dromchla agus píobán iompair. Ligeann sé sin cóireáil rialaithe a dhéanamh ar uiscí dromchla sula scaoiltear chuig an talamh iad agus ar an mbealach sin an riosca don bhunuiscíoch a laghdú. Ar an gcaoi sin, beifear ábalta cóireáil rialaithe a dhéanamh ar uiscí dromchla sula scaoiltear chuig an talamh iad agus, dá bhrí sin, laghdófar an riosca don bhunuiscíoch. Maidir le gearrthacha agus claífoirt ísle, cuirfear scagdhraein ar leithligh ar fáil le haghaidh sreafaí faoin dromchla. Tugtar achoimre i dTábla 5.9 ar na líonraí draenála príomhlíne atá beartaithe.

**Tábla 5.9 Achoimre ar Líonraí Draenála Príomhlíne agus Acomhail**

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Príomhlíne / Acomhal | Slabhraíocht | Neasachar Iomlán Draenála (ha) | Ag dul i sruth éalaithe chuig | Cineál Chóras Draenála (Séalaithe/Neamhshéalaithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| S1 | Príomhlíne | Ch. 0+000 go Ch. 0+700 | 2.05 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S2 | Príomhlíne | Ch. 0+700 go Ch. 1+000 | 0.55 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S3 | Príomhlíne | Ch. 1+000 go Ch. 1+475 | 2.31 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S4A | Príomhlíne | Ch. 1+475 go Ch. 1+900 | 0.96 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S5A | Príomhlíne | Ch. 1+900 go Ch. 2+850 | 2.45 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S7A | Príomhlíne | Ch. 2+850 go Ch. 3+050 | 0.30 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S7B | Príomhlíne | Ch. 3+050 go Ch. 3+910 | 2.94 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S8 | Príomhlíne | Ch. 3+910 go Ch. 4+125 | 0.42 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S9 | Príomhlíne | Ch. 4+125 go Ch. 4+900 | 1.75 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S10 | Príomhlíne | Ch. 4+900 go Ch. 5+640 | 2.19 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S11 | Príomhlíne | Ch. 5+640 go Ch. 6+325 | 2.02 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S12 | Príomhlíne | Ch. 6+325 go Ch. 7+300 | 3.15 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S13 | Príomhlíne | Ch. 7+300 go Ch. 7+525 | 0.91 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S14A | Príomhlíne | Ch. 7+525 go Ch. 8+250 | 5.66 | Lintéar Reatha agus chuig an sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S14B | Príomhlíne | Ch. 8+250 go Ch. 8+525 | 0.85 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Príomhlíne / Acomhal | Slabhraíocht | Neasachar Iomlán Draenála (ha) | Ag dul i sruth éalaithe chuig | Cineál Chóras Draenála (Séalaithe/Neamhshéalaithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| S18A | Príomhlíne | Ch. 8+525 go Ch. 9+250 | 1.75 | Sruthchúrsa | Séalaithe |
| S18B | Príomhlíne | Ch. 9+250 go Ch. 10+150 | 2.27 | Sruthchúrsa | Séalaithe |
| S19A | Príomhlíne | Ch. 10+150 go Ch. 10+730 | 1.95 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| S19B | Príomhlíne | Ch. 10+730 go Ch. 11+150 | 2.22 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| F19 | Príomhlíne | Ch. 11+150 go Ch. 11+420 | N/B | Séarach Bréan | Séalaithe |
| S20 | Príomhlíne | Ch. 11+420 go Ch. 12+020 | 4.95 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| S21B | Príomhlíne | Ch. 12+020 go Ch. 13+630 | 8.28 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| S22A | Príomhlíne | Ch. 13+360 go Ch. 14+350 | 5.68 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| S22B | Príomhlíne | Ch. 14+350 go Ch. 14+950 | 3.06 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| F24 | Príomhlíne | Ch. 14+950 go Ch. 15+200 | N/A | Séarach Bréan | Séalaithe |
| S30 | Príomhlíne & Acomhal & Taobh-bhóthar | Ch. 15+200 go Ch. 15+700 Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe go Cnoc Mhaoil Drise<br>Acomhal Chúil Each go Ceangal Chnoc Maoil Drise Bóthar Athailínithe Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise | 6.33 | Séarach Reatha | Séalaithe |
| S26 | Príomhlíne | Ch. 15+750 go Ch. 16+750 | 5.12 | Séarach Reatha | Séalaithe |
| S27 | Príomhlíne | Ch. 16+750 go Ch. 17+535 | 5.47 | Imchuach Insíothlaithe Reatha an M6 | Séalaithe |
| S21A | Acomhal | Ch. 12+125<br>Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 | 3.31 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| S22E | Acomhal | Ch. 14+400<br>Acomhal Bhóthar Thuama an N83 (lúb thuaidh an acomhail agus cuid thuaidh Bhóthar Ceangail na Páirce Móire) | 0.79 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Príomhlíne / Acomhal | Slabhraíocht | Neasachar Iomlán Draenála (ha) | Ag dul i sruth éalaithe chuig | Cineál Chóras Draenála (Séalaithe/Neamhshéalaithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| S29 | Acomhal | Ch. 16+500<br>Acomhal Chúil Each ó dheas go ceangal le R446 | 2.73 | Séarach Reatha | Séalaithe |

Dearadh sruthanna éalaithe a bhfuil méid agus ionad cuí acu i gcomhréir le DN-DNG-03071 – Sonraí faoi Dhearadh Shruth Éalaithe agus Lintéir (HD 107) (Meitheamh 2015) atá de réir TMTT 2018.

***Draenáil Faoin Dromchla***

Cuirfear córas draenála faoin dromchla don chosán bóthair ar fáil chun leibhéil screamhuisce a rialú i gcóngaracht an N6 GCRR atá beartaithe agus chun bunsraith an bhóthair a dhraenáil. Tá sé sin riachtanach i gceantair gearrthacha agus claífort íseal (<1.5m). Is gnách go mbaintear é sin amach agus úsáid á baint as líonra de scagdhraenacha nó de scagdhraenacha cúnga.

Mar gheall ar nádúr carstach na n-abhantrach soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 rinneadh measúnú riosca hidrigeolaíoch le haghaidh gach abhantrach ina bhfuil líonra draenála uisce dromchla agus an measúnú sin déanta ar shuíomh gach imchuach insíothlaithe. Tá an measúnú sin ar fáil i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht den TMTT nuashonraithe seo. Tá mionsonraí an phlé ag an éisteacht ó bhéal in 2020 maidir le múnlú hidrigeolaíoch don N6 GCRR atá beartaithe san áireamh i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht den TMTT nuashonraithe seo.

***Draenáil Struchtúr***

Bainfear úsáid as córas draenála séalaithe scartha ar leithligh le haghaidh struchtúir Thollán Leacaigh agus Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Dearfar an córas draenála i gcomhréir le DN-STR-03015 – Dearadh Thollán Bóthair (BD78) (Nollaig 2000). Bainfear úsáid as an gcóras séalaithe de dhraenacha píobáin agus de phíobáin iompair sa dá thollán chun bealach isteach screamhuisce a phiocadh suas chomh maith le huisce dromchla ó rothaí, sreafaí tine agus ábhar nite tolláin a dhraenáil go humair agus a chaidéalú chuig an séarach bréan is gaire. Maolaítear leis an gcóras seo an fhéidearthacht truaillithe ó screamhuisce agus freisin déanann sé an riosca do dhobharlaigh dromchla i SAC Loch Coirib a íoslaghdú.

Cuirfear séala uisce-obach isteach ar íochtar bhonn agus ghearrthacha an bhóthar ar an mbealach isteach ó thiar go Tollán Leacaigh agus ar an mbealach isteach ó thoir go Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe suas go leibhéal ard aithnid an screamhuisce sa gheimhreadh. Is é an fáth leis sin ná cosaint ar insreabhadh screamhuisce agus éilliú screamhuisce a chosc agus níl aon dí-uisciú ceadaithe sa chéim oibriúcháin den N6 GCRR atá beartaithe ag na suíomhanna sin (féach Caibidil 10, Hidrigeolaíocht den TMTT nuashonraithe seo).

Déanfar draenáil ar na struchtúir droichid atá beartaithe ar bhealach go gcomhlíonfar na ceanglais atá leagtha amach i DN-DNG-03022 – Córais Draenála do Bhóithre Náisiúnta (HD33/15). Mar gheall ar Tharbhealach Mhionlaigh agus Droichead Abhainn na Gaillimhe a bheith fada, déanfaidh córas draenála speisialaithe séalaithe an rith chun srutha a ghabháil ar an leac droichid, iomprófar é idir an struchtúr i líonra de dhraenacha iompair séalaithe teilgthe, sula rachaidh sé síos sa talamh ag suíomhanna oiriúnacha cé agus a scaoilfear chuig bogach agus áit chóireála maolaithe.

Is gá sin mar gheall ar íogaireacht na limistéar a bhfuil na droichid ag trasnú os a gcionn i.e. pábháil aolchloiche agus Turlach (Gnáthóga Tosaíochta Iarscríbhinn 1) agus Abhainn na Gaillimhe (SAC Loch Coirib).

***Draenáil Bóithre Ceangail agus Taobh-bhóithre***

I measc na dtaobh-bhóithre agus na mbóithre ceangail beartaithe ina bhfuil draenáil beartaithe tá Bóthar an Chósta an R336, L5386 Bóthar na bhForaí Maola, L5387 Bóthar Throscaigh, Na Foraí Maola go Bóthar Ceangail ó Thuaidh, Nasc Theas agus Tardhroichid, L1321 Bóthar Bhearna go Maigh Cuilinn, L5384 Bóthar na hAille, Bóthar na Ceapaí, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Bóthar Rathúin, Bóthar an Chlaí Bháin, L1323 Bóthar Leitrí, Bóthar Ceangail ó Thuaidh agus ó Dheas an N59, An Seanbhóthar, Bóthar Áth Cinn an N84, L2134 Bóthar na Scoile, Bóthar Thuama an N83, Bóthar Ceangail na Páirce Móire, Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, Corrán Bhaile an Bhriotaigh agus Bóthar Mhuine Mheá an R339. Ar na bóithre sin tá gá le colbhaí in ionaid a chuimsíonn ionaid droichid nó acomhail nó áit a bhfuil gá le cosáin agus mar sin beidh sé riachtanach iad a dhraenáil agus úsáid á baint as silteáin nó comhdhraenacha scagaire/iompair. Scaoilfear draenacha le píobáin chuig sruth éalaithe, draein séalaithe nó córas draenála na príomhlíne. I dTábla 5.10 déantar achoimre ar chórais draenála beartaithe na mbóithre ceangail agus tá siad mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

**Tábla 5.10 Achoimre ar Líonraí Draenála Bóithre Ceangail agus Taobh-bhóithre agus Draenáil d'Fhorbairt atá Beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe**

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Bóthar ceangail / Taobh-bhóthar | Ainm an Bhóthair agus Slabhraíocht | Neasachar Iomlán Draenála (ha) | Ag dul i sruth éalaithe chuig | Cineál Chóras Draenála (Séalaithe/Neamhshéalaithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| S4B | Bóthar Ceangail | Bóthar Throscaigh | 0.12 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S15 | Bóthar Ceangail | Bóthar Ceangail ó Thuaidh an N59 | 1.89 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S16A | Bóthar Ceangail | Bóthar Ceangail ó Thuaidh agus ó Dheas an N59 | 4.16 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S17A | Bóthar Ceangail | Bóthar Leitrí - Ch. 1+625 go Ch. 2+210 | 1.08 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S22C1 | Bóthar Ceangail | Bóthar Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach - Ch. 14+400 | 1.46 | Séarach Reatha | Séalaithe |
| S22C2 | Bóthar Ceangail | Bóthar Ceangail na Páirce Móire - Ch. 14+400 | 1.41 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| S5B | Taobh-Bhóthar | Uasghrádú ar Bhóthar Bhearna go Maigh Cuilinn ó Dheas - Ch. 2+800 | 0.24 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S16B | Taobh-Bhóthar | Bóthar Leitrí - Ch. 0+000 | 0.12 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S17B | Taobh-Bhóthar | Athailíniú Ghort na Bró -Ch. 0+100 | 0.34 | Séarach atá ann faoi láthair | Neamhshéalaithe |
| S31A | Taobh-Bhóthar | Uasghrádú ar Bhóthar Leitrí - Ch. 7+250 | 0.09 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S31B | Taobh-Bhóthar | Uasghrádú ar Bhóthar Leitrí - Ch. 7+250 | 0.15 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S31C | Taobh-Bhóthar | Uasghrádú ar Bhóthar Leitrí - Ch. 7+275 | 0.25 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S32 | Taobh-Bhóthar | Bóthar Athailínithe an Chlaí Bháin agus Bóthar Rathúin - Ch. 6+325 | 0.80 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S33 | Taobh-Bhóthar | Ascaill Athailínithe an Ráschúrsa - Ch. 15+000 | 0.56 | Séarach Reatha | Séalaithe |
| S36A | Taobh-Bhóthar | Bóthar Athailínithe na hAille Thuaidh - Ch. 3+350 | 0.24 | Sruthchúrsa | Neamhshéalaithe |
| S36B | Taobh-Bhóthar | Uasghrádú ar Bhóthar na hAille Theas - Ch. 3+350 | 0.10 | Díog Reatha | Neamhshéalaithe |

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Bóthar ceangail / Taobh-bhóthar | Ainm an Bhóthair agus Slabhraíocht | Neasachar Iomlán Draenála (ha) | Ag dul i sruth éalaithe chuig | Cineál Chóras Draenála (Séalaithe/Neamhshéalaithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| S37 | Taobh-Bhóthar | Bóthar na Ceapaí ó Dheas - Ch. 4+450 | 0.21 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S38 | Taobh-Bhóthar | Uasghrádú ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín ó Thuaidh - Ch. 5+650 | 0.14 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S39 | Taobh-Bhóthar | Bealach athailínithe Pháirc Gateway Retail i gCnoc na Cathrach | 0.22 | Séarach Reatha | Neamhshéalaithe |
| S40 | Taobh-Bhóthar | Uasghrádú ar an Seanbhóthar agus bóthar isteach - Ch. 10+475 | 0.16 | Imchuach Insíothlaithe | Séalaithe |
| S41 | Taobh-Bhóthar | Bóthar na Scoile -Ch. 13+150 | 0.24 | Séarach Reatha | Séalaithe |
| S45 | Stáblaí Ráschúrsa na Gaillimhe | Ráschúrsa na Gaillimhe | 1.54 | Séarach atá ann faoi láthair | Séalaithe |
| S48 | Stáblaí Ráschúrsa na Gaillimhe | Ráschúrsa na Gaillimhe | 0.13 | Sruth Éalaithe atá ann faoi láthair | Séalaithe |
| S50 | Stáblaí Ráschúrsa na Gaillimhe | Ráschúrsa na Gaillimhe | 2.32 | Sruth Éalaithe atá ann faoi láthair | Séalaithe |
| F50 | Stáblaí Ráschúrsa na Gaillimhe | Ráschúrsa na Gaillimhe | N/A | Séarach atá ann faoi láthair | Séalaithe |

Déanfar draenáil ar thaobh-bhóithre nach bhfuil gá le colbhaí orthu agus úsáid á baint as draenáil thar an imeall nó comhdhraenacha scagaire áit is cuí agus i gcomair leis na prionsabail a bhfuil cur síos déanta orthu thuas. Scaoilfear draenacha chuig sruth éalaithe, draein séalaithe nó córas draenála na príomhlíne.

### *Sruthanna Éalaithe, Linnte Maolaithe agus Imchuacha Insíothlaithe*

Siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 scaoilfear an t-uisce dromchla arna bhailiú ag córas draenála an charrbhealaigh chuig sruthchúrsaí atá trasnaithe ag an N6 GCRR atá beartaithe nó atá in aice leis. Chun nach méadófaí buaic-sreabhráta an uisce i roinnt de na sruthchúrsaí ag scaoileadh ón mbóthar, rud a d'fhéadfadh aon tuilte le sruth san N6 GCRR atá beartaithe a dhéanamh níos measa, tá srianadh sreafa agus stóráil mhaolaithe beartaithe. Roghnaíodh linnte maolaithe mar an phríomhháis mhaolaithe atá le cur ar fáil ar an N6 GCRR atá beartaithe. Ní dhéanfar na linnte maolaithe siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 a líneáil agus is féidir leo a bheith ina ngné den tírdhreach le himeacht ama agus i gcomhréir leis na treoirlínte reatha ar dhea-chleachtas. Roghnaíodh na sruthanna éalaithe atá beartaithe, i dteannta leis na linnte maolaithe atá beartaithe, ag suíomhanna cuí ar bhealach an N6 GCRR atá beartaithe agus chomh gar agus is féidir do shruthchúrsa atá ann cheana féin de ghnáth. Tugtar mionsonraí i dTábla 5.11 ar na líonraí draenála a scaoileann chuig sruthchúrsaí agus na toirteanna gaolmhara stórála atá riachtanach chun buaic-shreafaí a mhaolú suas le tarlú stoirme de thréimhse athfhillte 1 bhliain as 100 bliain.

**Tábla 5.11 Líonraí Draenála Beartaithe na Príomhlíne agus an Bhóthair Ceangail a Scaoileann chuig Dobharlaigh Dromchla**

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Neasachar Iomlán Draenála (ha) | Neasachar Iomlán Cosáin (ha) | Neaslinn Maolaithe - Toirt Stórála ($m^3$) | Scaoileadh Líonra Q100 (l/s) |
|---|---|---|---|---|
| S1 | 2.05 | 1.29 | 894 | 8.4 |
| S2 | 0.55 | 0.38 | 184 | 5.0 |
| S3 | 2.31 | 1.28 | 1028 | 8.7 |
| S4A | 0.96 | 0.62 | 324 | 5.2 |
| S5A | 2.45 | 1.53 | 977 | 9.7 |
| S7A | 0.30 | 0.24 | 81 | 4.8 |
| S7B | 2.94 | 1.07 | 1081 | 11.5 |
| S8 | 0.42 | 0.26 | 114 | 4.7 |
| S9 | 1.75 | 1.19 | 796 | 8.2 |
| S10 | 2.19 | 1.22 | 873 | 8.3 |
| S12 | 3.15 | 2.45 | 1697 | 11.5 |
| S13 | 0.91 | 0.63 | 378 | 5.0 |
| S14A | 5.66 | 2.20 | 1975 | 21.0 |
| S14B | 0.85 | 0.65 | 613 | 5.2 |
| S18A | 1.75 | 1.58 | N/B | 427.7 |
| S18B | 2.27 | 1.95 | N/B | 494.8 |
| S21A | 3.31 | 1.36 | 1568 | 5.2 |
| S4B | 0.12 | 0.07 | 21 | 4.2 |
| S15 | 1.89 | 0.73 | 692 | 7.5 |
| S50 | 2.32 | 1.28 | 1425 | 5 |

Áit a dtéann an córas draenála i sruth éalaithe chuig sruthchúrsa socrófar leibhéal deireanach an tsrutha éalaithe (tar éis na mbeart um maolú agus chóireáil) os cionn leibhéal tuilte 1 bhliain as 5 an tsruthchúrsa más féidir. Sa bhreis air sin, rinneadh measúnú ar thionchar an tsrutha éalaithe ón linn ar chóras hiodrálach an tsruthchúrsa (Caibidil 11, Hidreolaíocht den TMTT nuashonraithe seo).

Suiteálfar fearas rialaithe sreafa (Hydro-Break nó comhchosúil leis) i suíomh srutha éalaithe gach linn mhaolaithe chun srian a chur leis an ráta sreafa ón linn chuig an sruthchúrsa glactha.

Tá an ráta scaoilte le haghaidh gach abhantrach draenála socraithe go ráta rith chun srutha $Q_{bar}$ um láithreán úrnua chun aithris a dhéanamh ar an timpeallacht atá ann cheana féin nó go híosmhéid de 5l/s chun an baol ó bhlocáil smionagair sa líonra a íoslaghdú.

Tá roinnt sruthanna éalaithe eile chuig séaraigh atá ann cheana féin ar an N6 GCRR atá beartaithe. Is gnách go bhfuil na séaraigh uisce dromchla suite sna ceantair níos uirbithe in aice leis an N6 GCRR atá beartaithe, áit ar cuireadh lintéir roimhe seo i sruthanna agus díoga reatha chun forbairt a éascú. Tugtar sonraí i dTábla 5.12 ar na líonraí draenála a scaoileann chuig séaraigh stoirme reatha.

**Tábla 5.12 Líonraí Draenála Beartaithe na Príomhlíne agus an Bhóthair Ceangail a Scaoileann chuig Séaraigh Stoirme**

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Neasachar Iomlán Draenála (ha) | Neasachar Iomlán Cosáin (ha) | Scaoileadh Líonra Q100 (l/s) | Trastomhas an Séarach Stoirme Glactha (mm) |
|---|---|---|---|---|
| S11 | 2.02 | 1.57 | 7.8 | 300 |
| S26 | 5.12 | 3.47 | 4.5 | 900 |
| S29 | 2.73 | 2.07 | 5.0 | 900 |
| S30 | 6.33 | 4.58 | 5.7 | 900 |
| S16A | 4.16 | 2.15 | 16.1 | 450 |
| S17A | 1.08 | 0.98 | 5.7 | 1500 |
| S22C1 | 1.46 | 1.27 | 5.0 | 900 |
| S45 | 1.54 | 0.61 | 153.1 | 525 |

Soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 scaoilfear an t-uisce dromchla arna bhailiú ag córas draenála an charrbhealaigh chun na talún trí himchuach insíothlaithe áit nach bhfuil sruth éalaithe dearfach chuig sruthchúrsa ar fáil. Tógadh faoi imscrúduithe talún in ionaid bheartaithe na n-imchuach insíothlaithe chun tréscaoilteacht na hithreach agus na buncharraige atá ann cheana féin a shocrú agus chun bonn eolais a chur faoi dhearadh na n-imchuach insíothlaithe. Áit a bhfuil an ráta insíothlaithe lasmuigh de raon na sreabhrátaí atá incheadaithe (e.g. scaoileadh díreach chuig buncharraig aolchloiche charstach) ansin cruthófar bunsraith an imchuach insíothlaithe go sintéiseach chun an ráta insíothlaithe a laghdú go saorga. Is é ráta insíothlaithe an deartha don N6 GCRR atá beartaithe ná 0.036m/u. Socraíodh méid na n-imchuach insíothlaithe ionas go ndraenálfaidh siad síos go leath den toirt i gcaitheamh thréimhse 24 uair an chloig. Ní dhéanfar na linnte maolaithe a líneáil ar mhaithe le hinsíothlú chun na talún a chumasú. Tugtar sonraí i dTábla 5.13 ar na líonraí draenála beartaithe a scaoileann chun na talún trí himchuach insíothlaithe.

**Tábla 5.13 Líonraí Draenála Beartaithe na Príomhlíne agus an Bhóthair Ceangail a Scaoileann chun na Talún trí Imchuacha Insíothlaithe**

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Neasachar Iomlán Draenála (ha) | Neasachar Iomlán Cosáin (ha) | Imchuach Insíothlaithe - Toirt Stórála ($m^3$) | Neasleibhéal an Inbhéarta (mAOD) |
|---|---|---|---|---|
| S19A | 1.95 | 1.66 | 1226 | 11.15 |
| S19B | 2.22 | 1.68 | 1112 | 10.24 |
| S20 | 4.95 | 2.23 | 1928 | 14.74 |
| S21B | 8.28 | 4.82 | 4227 | 18.53 |
| S22A | 5.68 | 3.94 | 2953 | 14.07 |
| S22B | 3.06 | 2.76 | 2543 | 37.93 |
| S27 | 5.47 | N/B | N/B | N/B |
| S22E | 0.79 | 0.69 | 300 | 45.71 |
| S22C2 | 1.41 | 1.26 | 738 | 38.96 |

Soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, áit a bhfuil linnte maolaithe agus scaoileadh chuig sruthchúrsaí nó séaraigh phoiblí beartaithe sa limistéar aolchloiche carstaí, cuirfear líneáil le bonn na linnte maolaithe chun insíothlú chuig screamhuisce a chosc agus úsáid á baint as líneáil chré oiriúnach.

Freastalóidh gach linn mhaolaithe agus imchuach insíothlaithe ar tharlú stoirme de thréimhse athfhillte 1 bhliain as 100 bliain, rud a dhéanfaidh íoslaghdú ar mhéadú ar bith ar riosca tuile d'aon réadmhaoine taobh leo mar atá leagtha amach i gClásal 7.5 de DN-DNG-03022 (HD33/15). Cuirtear saorbhord ar íosmhéid 300mm ar fáil idir uasleibhéal an uisce sa linn mhaolaithe nó san imchuach insíothlaithe agus barrleibhéal na linne/an imchuach nó bunda na linne/an imchuach chosanta. Ní sháróidh na buaic-rátaí scaoilte ón N6 GCRR atá beartaithe na buaic-rátaí scaoilte sa chás láithreáin úrnua don tréimhse athfhillte stoirme, rud atá ríthábhachtach. Déanfar bundú ar an linn/imchuach ar leibhéal 500m os cionn aon leibhéil tuilte cóngaracha a ngabhann 1 bhliain as gach 100 bliain leo in aibhneacha nó i sruthanna. Chun an baol go ndéanfaí uisce agus screamhuisce glactha a éilliú ag rith chun srutha ón N6 GCRR atá beartaithe a laghdú, cuirfear bearta um rialú ar thruailliú ar fáil mar atá sonraithe sa chuid seo a leanas.

***Rialú ar Thruailliú***

Beartaítear bearta um rialú ar thruailliú roimh gach pointe srutha éalaithe/sceite ón gcarrbhealach, lena laghdófar an baol go n-éilleofaí uisce agus screamhuisce ag rith chun srutha ón N6 GCRR atá beartaithe. Glacadh le raon de bhearta um rialú ar thruailliú fad an N6 GCRR atá beartaithe a chuimsíonn comhdhraenacha scagaire, linnte maolaithe, cainéil uisce agus dromchla féir orthu, idircheapóirí peitril agus ola, limistéir um shrianadh dhoirteadh éigeandála, bogaigh sreafa dromchla agus imchuacha insíothlaithe.

Smaoiníodh ar chórais draenála inbhuanaithe (SuDS) ar an gcéad dul síos. Níor baineadh úsáid as gnáthmhodhanna eile, ach amháin sa chás nach féidir iad a úsáid mar gheall ar easpa spáis nó geoiméadracht an bhóthair (e.g. ar chlaífoirt níos airde ná 1.5mm nó i ngearrthacha ina bhfuil fadhbanna ó thaobh draenáil screamhuisce de). I limistéir áit nach mór an riosca do screamhuisce is gnách gurb iad comhdhraenacha scagaire an chéad chóireáil chun truailleáin a choimeád ó dhul isteach sna dobharlaigh mórthimpeall toisc gur féidir le comhdhraenacha scagaire scaoileadh truailleán a laghdú. Déanfaidh ábhar an scagaire solaid ar fuaidreamh agus éilleáin eile a ghabháil agus ar an mbealach sin laghdóidh siad an riosca ó thruailliú síos an abhainn. Áit a ndraenálfaidh an rith chun srutha ó charrbhealach an N6 GCRR atá beartaithe isteach i gcainéil uisce a bhfuil dromchla féir orthu, ceadóidh an sreabhadh mall tríd na cainéil leathana agus chúnga a bhfuil dromchla féir orthu do phróisis an dríodraithe agus an ionsú tarlú agus an rith chun srutha á iompar chuig an sruth éalaithe.

Áit a bhfuil an screamhuisce fíor-leochaileach, sa limistéar carstach soir ó Abhainn na Gaillimhe ach go háirithe, baileoidh agus scaipfidh córas draenála séalaithe rith chun srutha an uisce dromchla ó shuíomh sruth éalaithe/pointe scaoilte um uisce dromchla (e.g. píobán iompair ina bhfuil silteáin, cainéil choincréite um uisce dromchla, draenacha píobáin etc.) Baileofar sreabhadh faoin dromchla i sraith de dhraenacha scagaire cúnga.

Ag gach líonra draenála príomhlíne agus bóthair ceangail ar an N6 GCRR atá beartaithe, cuirfear bogach cóireála SuDS um shreabhadh dromchla (SD) ar fáil in aghaidh an tsrutha ó gach linn mhaolaithe nó imchuach insíothlaithe chun rith chun srutha a chóireáil tuileadh. Socraíodh méid na mbogach um shreabhadh dromchla ionas go stórálfaidh siad an rith chun srutha 'Céad Shruthlaithe' ó na habhantracha cosáin bóthair a ghabhann leo sa linn bhuan. Is ionann sin agus toirt comhionann le doimhneacht 15mm de bháisteach ar abhantrach an bhóthair. Is sa rith chun srutha ón 'gCéad Shruthlú' a iompraítear an t-ualach is airde de thruailleáin, i gcomparáid leis an rith chun srutha a scaoiltear níos deireanaí sa tarlú báistí. Is é íosdoimhneacht na linne ná 600mm rud a spreagfaidh níos mó socrú solad ar fuaidreamh agus cuirfear líneáil ann chun an baol go ndéanfaí sruthchúrsaí agus screamhuisce glactha a éilliú ag rith chun srutha ón N6 GCRR atá beartaithe a laghdú.

Bainfear úsáid as bearta plandaithe oiriúnacha agus bearta breise eile chun socrú siolta a spreagadh chomh maith le hionsú aon truailleán eile i.e. gaistí siolta, sraitheanna giolcacha. Leis an am coinneála méadaithe a chuirtear ar fáil ag an mbogadh tabharfar níos mó ama d'ionsú agus dhríodrú breise agus freisin ceadóidh sé raon de phróisis bhitheolaíocha nádúrtha (lena n-áirítear bithmhilleadh, gníomh miocróbach agus teacht chun cinn plandaí) chun níos mó truailleán uisce-iompartha a bhaint.

Cuirfear idircheapairí ola agus peitril ar fáil in aghaidh an tsrutha ón mbogach agus ón linn mhaolaithe/imchuach insíothlaithe chun éilliú ar bith ó hidreacharbóin, ar nós dhoirteadh ola nó peitril, a choimeád ó dhul isteach san uisce glactha nó sa screamhuisce. Socrófar méid na n-idircheapóirí do gach abhantrach draenála de réir an insreafa. Feadh phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe, cuirfear limistéar srianta doirte éigeandála d'íostoirt comhionann le 25$m^3$ i ngach suíomh srutha éalaithe mar a leagtar amach i gCaighdeáin Draenála TII, atá de réir TMTT 2018.

Rinneadh measúnú ar shruthanna éalaithe gach líonra draenála ar bhonn aonair ó thaobh tionchar féideartha ar an timpeallacht uisce mar chuid de mheasúnuithe HD45 agus de na modhanna cuí cóireála a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais TII agus tugtar mionsonraí na measúnuithe i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht, agus i gCaibidil 11, Hidreolaíocht den TMTT nuashonraithe seo. Tá liosta i dTábla 5.14 de na bearta um rialú ar thruailliú a glacadh.

**Tábla 5.14 Bearta um Rialú ar Thruailliú atá Beartaithe do Líonraí Draenála Príomhlíne, Bóithre Ceangail agus Taobh-bhóithre**

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Ag scaoileadh chuig | Beart Rialaithe Truaillithe |
|---|---|---|
| S1 | Sruthchúrsa | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S2 | Sruthchúrsa | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S3 | Sruthchúrsa | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S4A | Sruthchúrsa | Limistéar um Shrianadh Doirte, Idircheapóir Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolaithe |
| S5A | Sruthchúrsa | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S7A | Sruthchúrsa | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S7B | Sruthchúrsa | Limistéar um Shrianadh Doirte, Idircheapóir Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolaithe |
| S8 | Sruthchúrsa | Limistéar um Shrianadh Doirte, Idircheapóir Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolaithe |
| S9 | Sruthchúrsa | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S10 | Sruthchúrsa | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S11 | Séarach atá ann faoi láthair | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S12 | Sruthchúrsa | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S13 | Sruthchúrsa | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S14A | Tóchar atá ann faoi láthair | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S14B | Sruthchúrsa | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S18A | Sruthchúrsa | Píobáin Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach |
| S18B | Sruthchúrsa | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach |
| S19A | Imchuach Insíothlaithe | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Imchuach Insíothlaithe |
| S19B | Imchuach Insíothlaithe | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Imchuach Insíothlaithe |

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Ag scaoileadh chuig | Beart Rialaithe Truaillithe |
|---|---|---|
| F19 | Séarach Bréan | Limistéar um Shrianadh Doirte, Idircheapóir Ola agus Peitrilag sceitheadh isteach i Séarach Bréan. Cóireáil le déanamh ar an sceitheadh in Oibreacha Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach |
| S20 | Imchuach Insíothlaithe | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Imchuach Insíothlaithe |
| S21B | Imchuach Insíothlaithe | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Imchuach Insíothlaithe |
| S22A | Imchuach Insíothlaithe | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Imchuach Insíothlaithe |
| S22B | Imchuach Insíothlaithe | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Imchuach Insíothlaithe |
| F24 | Séarach Bréan | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril ag sceitheadh chuig Séarach Bréan. Déanfar an sceitheadh a chóireáil ag Ionad Cóireála Dramhuisce Inis Caorach. |
| S26 | Séarach atá ann faoi láthair | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S27 | Imchuach Insíothlaithe an M6 atá ann cheana | Linn Insíothlaithe an M6 atá ann cheana |
| S21A | Imchuach Maolúcháin | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S22E | Imchuach Insíothlaithe | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Imchuach Insíothlaithe |
| S29 | Séarach atá ann faoi láthair | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S30 | Séarach atá ann faoi láthair | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S4B | Sruthchúrsa | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S15 | Sruthchúrsa | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S16A | Séarach atá ann faoi láthair | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S17A | Séarach atá ann faoi láthair | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Bogach, Linn Mhaolúcháin |
| S22C1 | Séarach atá ann faoi láthair | Píobán Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Linn Mhaolúcháin |
| S22C2 | Imchuach Insíothlaithe | Píobáin Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril, Imchuach Insíothlaithe |
| S5B | Sruthchúrsa | Níl aon bheart de dhíth, forleagan ar an mbóthar áitiúil atá ann cheana |
| S16B | Séarach Reatha | Maolú Ar Líne - Rialú Sreafa agus Píobáin Rómhóra |
| S17B | Séarach atá ann faoi láthair | Maolú Ar Líne - Rialú Sreafa agus Píobáin Rómhóra |
| S31A | Sruthchúrsa | Níl aon bheart de dhíth, forleagan ar an mbóthar áitiúil atá ann cheana |
| S31B | Sruthchúrsa | Níl aon bheart de dhíth, forleagan ar an mbóthar áitiúil atá ann cheana |
| S31C | Séarach atá ann faoi láthair | Maolú Ar Líne - Rialú Sreafa agus Píobáin Rómhóra |

| Uimh. Thag. Líonra Draenála | Ag scaoileadh chuig | Beart Rialaithe Truaillithe |
|---|---|---|
| S32 | Séarach atá ann faoi láthair | Linn Mhaolúcháin |
| S33 | Séarach atá ann faoi láthair | Umar Maolúcháin |
| S36A | Sruthchúrsa | Níl aon bheart de dhíth, uasghrádú ar an mbóthar áitiúil atá ann cheana |
| S36B | Díog atá ann faoi láthair | Níl aon bheart de dhíth, forleagan ar an mbóthar áitiúil atá ann cheana |
| S37 | Séarach Reatha | Maolú Ar Líne - Píobáin Rómhóra |
| S38 | Séarach atá ann faoi láthair | Níl aon bheart de dhíth, forleagan ar an mbóthar áitiúil atá ann cheana |
| S39 | Séarach atá ann faoi láthair | Níl aon bheart de dhíth, forleagan ar an mbóthar áitiúil atá ann cheana |
| S40 | Imchuach Insíothlaithe | Limistéar Coinneála Doirte, Idirghabhálaí Ola agus Peitril, Imchuach Insíothlaithe |
| S41 | Séarach atá ann faoi láthair | Níl aon bheart de dhíth, forleagan ar an mbóthar áitiúil atá ann cheana |
| S45 | Séarach atá ann faoi láthair | Grasscrete GC1 ar ionaid páirceála |
| S48 | Sruth Éalaithe atá ann faoi láthair | Níl aon bheart de dhíth, córas draenála an raoin atá ann cheana |
| S50 | Sruth Éalaithe atá ann faoi láthair | Idircheapóir Ola agus Peitril, Linn Mhaolúcháin |
| F50 | Séarach atá ann faoi láthair | Limistéar Coinneála Doirte, Gaiste Ola agus Peitril ag sceitheadh chuig Séarach Bréan. Cóireáil le déanamh ar an sceitheadh in Oibreacha Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach |

Is gá cigireacht agus cothabháil rialta a dhéanamh ar chórais draenála ar mhaithe le cosaint leantach ar an gcóras nádúrtha uisce a scaoiltear an rith chun srutha isteach ann agus ní mór tosaíocht a thabhairt don mhéid sin. Ní mór tabhairt faoi nósanna imeachta cothabhála mar atá leagtha amach i bhFoilseacháin TII, i dtreoircháipéisí agus i modhanna dea-chleachtais.

#### 5.4.1.2.8 Fóntais

Tá tionchar ag an N6 GCRR atá beartaithe ar bhonneagar roinnt soláthraithe seirbhíse. Cinnteofar le soláthar an N6 GCRR atá beartaithe nach ndéanfar aon chur isteach buan ar na seirbhísí arna soláthar ag na comhlachtaí sin agus ní mór gan cur isteach rómhór orthu. I gcás ina bhfuil gá le seirbhísí a chur ar mhalairt slí ní mór na hoibreacha dearaidh agus na hoibreacha tógála go léir a dhéanamh as lámh a chéile leis na comhlachtaí reachtúla agus na soláthraithe seirbhíse ábhartha.

Sa bhreis air sin, tá na seirbhísí sin á bhforbairt agus á leathnú ar bhonn leanúnach. Chun trinseáil ar an mbóthar nua a sheachaint maidir le seirbhísí i ndiaidh é a chur i gcrích, ní mór soláthar a dhéanamh ag an gcéim tógála le haghaidh trasnú amach anseo ag seirbhísí arna aontú leis an údarás áitiúil.

Chuathas i gcomhairle leis na comhlachtaí reachtúla agus na soláthróirí seirbhíse seo a leanas chun áiteanna coimhlinte a aithint idir a gcuid seirbhísí agus an N6 GCRR atá beartaithe sular cuireadh isteach Iarratas Alt 51 in 2018 maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe. Tharla sainchomhairliúcháin ina dhiaidh sin in 2024 lena ndearbhaítear go bhfuil na malairtí slí a beartaíodh in 2018 bailí fós in 2024:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe – Príomhphíobán Uisce, Draenáil Uisce Dromchla , Séarach Bréan
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe – Príomhphíobán Uisce, Draenáil Uisce Dromchla, Séarach Bréan
- Uisce Éireann – Príomhphíobán Uisce, Séarach Bréan
- Eir

- Líonraí BSL – Voltas Íseal go Measartha
- Líonraí BSL mar Úinéir an chórais Tarchurtha agus EirGrid mar Oibrí Córais Tarchurtha BSL Idirnáisiúnta (ESBI) – Ardvoltas
- Líonraí Gáis Éireann – Tarchur agus Dáileadh
- E-Net
- Virgin Media
- BT Ireland
- SSE Airtricity
- Three Networks Ireland

Dearbhaíodh le gach ceann de na soláthróirí seirbhíse thuas na hoibreacha go léir atá riachtanach chun aon cheann de na seirbhísí thuas atá i gcoimhlint leis an N6 GCRR atá beartaithe a chur ar mhalairt slí nó a chosaint mar chuid den TMTT nuashonraithe seo. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na suíomhanna, tionchair fhéideartha ar fhóntais agus bearta atá beartaithe ar fáil i gCaibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta.

**5.4.1.2.9 Bacainní Torainn**

Pléitear na gnéithe a bhaineann le bacainní torainn i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh.

**5.4.1.2.10 Bearta Bithéagsúlachta**

Tá sé beartaithe go dtógfar ceithre fhara ialtóg saorga agus go gcuirfear foirgneamh amháin reatha in oiriúint chun bheith mar fhara ialtóg mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe. Tá plé déanta go mion ar na faraí sin i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht.

**5.4.1.2.11 Saoráidí Cothabhála Buana**

Tá dhá shaoráid cothabhála bhuana beartaithe mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe. Beidh pearsanra oibriúcháin agus innealra agus trealamh don tollán sna foirgnimh seirbhísí, monatóireachta agus cothabhála sin (TSB) agus áireofar iontu áit oifige, seomra rialaithe, seomra (seomraí) trealamh teicniúil (TER(anna)), áiseanna leasa foirne, stórais agus seomraí trealaimh chun cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar thrácht agus ar rialú tráchta agus ar chórais chomh fada leis an tollán agus istigh sa tollán féin araon.

Tá an dá áit lonnaithe gar go maith do na struchtúir tolláin atá beartaithe. Freastalóidh na saoráidí cothabhála buana sin mar fhoirgnimh seirbhísí, monatóireachta agus cothabhála tolláin. Tá saoráid amháin lonnaithe i gCairéal Leacaigh ar an taobh ó dheas de thairseach thoir Thollán Leacaigh agus tá an ceann eile lonnaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe gar do thairseach thiar Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe mar atá léirithe ar Fhíoracha 5.1.8 agus 5.1.10 faoi seach.

Cuirfear seirbhísí ar fáil sna foirgnimh sin ó sheirbhísí leictreachais, draenáil uisce dromchla, soláthar uisce inólta agus draenáil uisce bréan.  Beidh gá le teas, aerú agus le córas aerchóirithe san TSB.

Tá an dearadh do dhraenáil uisce dromchla maidir le compúin láithreáin TSB Leacaigh agus TSB Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe deartha de réir dea-chleachtais agus BS EN-752 do Chórais Draenála agus Séaraigh d'fhoirgnimh lasmuigh. Baileofar an rith baistí ón díon ó na píopaí báistí síos agus scaipfear iad chuig córas píopaí iompair atá lonnaithe laistigh den chompún ar an láthair. Baileofar rith baistí ón gclós seirbhíse agus ó na limistéir carrchlóis sna silteáin ar na bóithre. Seolfar rith chun sruth ón gclós seirbhíse trí idircheapóir ola agus peitril coimeádta iomlán Aicme 1 a bheidh lonnaithe laistigh den chompún láithreáin TSB. Rachaidh an sceitheadh sruth éalaithe ó láithreán TSB Leacaigh go talamh trí imchuach insíothlaithe a sholáthraítear mar chuid de chóras draenála an phríomhbhealaigh bóthair. Rachaidh an sceitheadh sruth éalaithe ó láithreán TSB Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe chuig an séarach stoirm reatha atá lonnaithe ó thuaidh den tairseach Tolláin Ráschúrsa thoir. Maolófar an sruth in umar maolúcháin faoi thalamh agus scaoilfear é ag sruth sceite deartha de 5l/s.

Tá an t-éileamh ar uisce don soláthar uisce inólta bunaithe ar 10 foirne in aghaidh an fhoirgnimh agus úsáid mheasta de 60 lítear an duine in aghaidh an lae. Bainfear leas as na ceangailtí uisce freisin mar a bhíonn gá

chun na humair stórala uisce dóiteáin don tollán a líonadh. Tá réamhfhiosrúchán ceangailte ceadaithe i bprionsabal ag Uisce Éireann don cheangal leis an bpríomhlíonra uisce poiblí atá ann cheana féin.

Tá an ceangal leis an bpríomhlíonra uisce do TSB Thollán Leacaigh leis an bpríomhlíonra poiblí 150mm ar trastomhas lonnaithe ag Bóthar Chúil Each. Tá an ceangal príomhlíonra nua atá beartaithe do TSB Thollán an Ráschúrsa ag an atreorú príomhlíonra nua 100mm atá beartaithe, lonnaithe san ascaill ráschúrsa athraithe.

Tá Fiosrúcháin Réamh-Cheangail ceadaithe i bprionsabal ag Uisce Éireann do na ceangailtí bréan atá beartaithe agus atá riachtanach do na TSBanna. Déanfar an sceitheadh fuíolluisce bréan maidir le TSB Chairéal Leacaigh a phumpáil chuig an séarach bréan poiblí ag an eastát tithíochta Barr na Coille atá cóngarach do Bhóthar Chúil Each. Bunaithe ar domhantarraingt a bheidh an sceitheadh fuíolluisce bréan maidir le TSB Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe chuig an séarach bréan IDA atá athraithe taobh thiar de thairseach thoir Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe.

Beidh an príomhbhealach isteach chuig TSB Chairéal Leacaigh ón bpríomhbhealach isteach reatha i gCairéal Leacaigh ar Bhóthar Chúil Each. Beidh an príomhbhealach isteach chuig TSB Thollán an Ráschúrsa ón Ascaill Ráschúrsa athraithe. Cuirfear bealach isteach éigeandála ar fáil freisin ón N6 GCRR atá beartaithe chuig an dá fhoirgneamh. Cuirfear áit do pháirceáil carranna ar fáil freisin ag an dá láthair.

Tá líníochtaí de na mionsonraí maidir leis na foirgnimh seirbhísí, monatóireachta agus cothabhála tolláin seo san áireamh in Aguisín A.5.1.

#### 5.4.1.2.12 Riachtanais Talún agus Réadmhaoine

Le deich mbliana anuas, reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe, in éineacht le Arup, sraith cruinnithe le húinéirí talún dá ndearnadh difear.

Cuireadh an méid a foghlaimíodh ó na cruinnithe sin in éineacht le taifid an chlárlann talún chun mósáic chuimsitheach ar úinéireacht talún a dhéanamh don N6 GCRR atá beartaithe (tag. Fíoracha 14.01 go 14.15). Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú air sin mar chuid den TMTT nuashonraithe seo chun aon athruithe ar shonraí teorann seilbhe talún agus /nó athrú ar achair réadmhaoine nó úsáid talún a léiriú. I gcásanna áirithe, forbraíodh an talamh talmhaíochta agus tógadh tithe ar an talamh sin, agus, dá bhrí sin, rinneadh an tionchar a athrú ó thionchar talmhaíochta ar shócmhainní ábhartha go tionchar neamhthalmhaíochta ar shócmhainní ábhartha.

Baineadh úsáid as mósáic na húinéireachta talún in éineacht leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn cruinnithe aonair chun riachtanais um bealach isteach a shocrú agus chun measúnú a dhéanamh ar athailíniú taobh-bhóithre agus ar na príomhlíne. Rinneadh measúnú ar iarratais a rinne na húinéirí talún lena mbaineann agus an pobal i gcoitinne agus tógadh san áireamh iad sa mhéid is gurbh fhéidir go réasúnta agus cuspóirí an N6 GCRR atá beartaithe á gcoimeád i gcuimhne.

Tabharfar isteach na hoibreacha comhréitigh atá beartaithe chun freastal ar na húinéirí talún ar na bealaí seo a leanas:

- Chun a chinntiú go dtugtar bealach isteach d'úinéirí talún chuig an líonra áitiúil bóithre sa cheantar, agus gur féidir bealach isteach a fháil idir an bóthar áitiúil agus príomhlíonraí bóithre
- Rochtain a chur ar fáil idir píosaí talún scoite agus scartha


Cuimsítear bóithre rochtana leis na hoibreacha áise chun rochtain a chur a fáil ar thalamh arna scoitheadh leis an N6 GCRR atá beartaithe. Tá na bóithre rochtana sin 4.0m ar leithead agus ciumhaiseanna féir 1.0m ar gach taobh agus dearfar iad i gcomhréir le Sonraí Caighdeánacha Tógála TII CC-SCD-02754 agus CC-SCD-00706 (iad gan athrú ó 2018).

Mar a tugadh faoi deara in Alt 5.2, rinneadh mionathrú ar dhá bhóthar rochtana mar chuid den TMTT nuashonraithe seo, is iad sin AR 13/02 agus AR 06/04. Tugtar tuairisc anseo ar an réasúnaíocht leis na mionathruithe sin.

Eascraíonn an mionathrú ar AR 13/02 as Pointe (iv) den Sceideal i dTreoir an APB maidir le ABP-302885-18 lenar treoraíodh Scéim Mótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus déanfar mionathrú air mar seo a leanas:


*(iv) Laghdófar Ceapach Uimhir 651a.202 ar achar, ionas nach gcuimseofar ach na tailte atá riachtanach do thógáil chuid thuaidh an Bhóthair Rochtana 13/02 feadh ailíniú an bhóithrín atá ann cheana.*

Cuirtear le Bóthar Rochtana AR 13/02, mar a léirítear ar Pláta 5.3 thíos, rochtain ar thrí ghabháltas talún dhifriúla, is iad sin na ceapacha dar tagairt 705, 651 agus 627, ó Bhóthar na Scoile mar go ndéantar difear do na bealaí isteach atá acu cheana leis an N6 GCRR atá beartaithe.





**Pláta 5.3 Ceapacha úinéireachta talún agus AR 13/02 de réir TMTT 2018**

De réir TMTT 2018, leathnaítear AR 13/02 feadh líne an ailínithe atá ann cheana den bhóithrín ó Bhóthar na Scoile go dtí go mbuaileann sé le Pábháil aolchloiche, i.e. gnáthóg Iarscríbhinn 1 (déan tagairt do Pláta 5.4 le haghaidh méideanna na pábhála aolchloiche), agus imíonn sé soir ó dheas go dtí go sroicheann sé ceapach dar tagairt 705 lena dtugtar rochtain ar na tailte uile atá scoite faoi úinéireacht na ceapaí dar tagairt 705 ó thuaidh den N6 GCRR atá beartaithe.




**Pláta 5.4 Achar na Pábhála Aolchloiche (tag. Fíor 8.15.3 de TMTT 2018)**

De réir Phointe (iv) den Treoir ón mBord Pleanála ina chinneadh in 2021, bhainfí amach cuid thoir-theas an AR 13/02. Sa chás seo, ba é an bóithrín atá ann cheana an t-aon bhealach isteach don cheapach dar tagairt 705 ar a thailte scoite ó thuaidh den N6 GCRR atá beartaithe ón bpointe ag a dtiocfadh deireadh leis an AR 13/02 ag pointe tosaigh na pábhála Aolchloiche.





**Pláta 5.5 Bóithrín atá ann cheana (líne ghorm bhriste) agus achar na Pábhála Aolchloiche (tag. Fíor 8.15.3 de TMTT 2018)**

Leathnaíonn pábháil aolchloiche thar an mbóithrín atá ann cheana mar a léirítear ar Pláta 5.5 ón bpointe ag a n-iompaíonn cuid thuaidh de Bhóthair Rochtana 13/02 soir ó dheas. Mar a léirítear i Pláta 5.6, tá an bóithrín atá ann cheana ina fhásach agus leis an gcaoi a bhfuil sé anois, níl sé oiriúnach d'fheithiclí talmhaíochta ar a achair iomlána. Chun an caighdeán céanna rochtana ar thailte scoite a chur ar fáil agus cailleadh na rochtana atá ann cheana ar cheapach dar tagairt 705 a mhaolú ó dheas, bheadh gá leis an mbóithrín sin a uasghrádú, i.e. caithfear rochtain a bheith ag feithiclí talmhaíochta air. Ar an gcúis sin, níor úsáideadh é in TMTT 2018 chun rochtain a chur ar fáil ar thailte scoite faoi úinéireacht na ceapaí dar tagairt 705, mar ba é an toradh a bheadh ar an mbóithrín sin a uasghrádú ná caillteanas gar do 480m$^2$ de phábháil Aolchloiche, gnáthóg Iarscríbhinn I. Tugtar faoi deara go mbeadh gá le talamh ó cheapach dar tagairt 651 a fháil don leathnú riachtanach sin.



Pláta 5.6 An Bóithrín atá ann cheana - Radharc soir feadh an Bhóithrín ó Bhóthar na Scoile


Agus aird á tabhairt ar an Treoir i gcinneadh APB in 2021, chun tógáil talún ó cheapach dar tagairt 651a.202 Scéim Mótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 a shrianadh, rinneadh mionathrú ar an gcuid thoir-theas de AR 13/02 feadh an ailínithe a léirítear ar Pláta 5.7 thíos. Leis sin, laghdaítear an tógáil talún buan ó cheapach dar tagairt 651a.202 faoi 770m$^2$, a léirítear i ndath glas, gan difear á dhéanamh don phábháil aolchloiche ag an am céanna. Rinneadh leasú ar Scéim Mótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 dá réir.




**Pláta 5.7 Mionathrú ar AR 13/02 arna chur san áireamh sa TMTT Nuashonraithe seo**


Is é AR 06/04 dá dtagraítear in Alt 5.2 an dara bóthar rochtana atá le mionathrú mar gheall go mbeidh an Tionscadal agus forbairt mhórscála chónaithe (LRD) Ghleann Bheatha ag Gort na Bró, Cnoc na Cathrach ag tarlú ag an tráth céanna. Níl aon choimhlint idir an fhorbairt mhórscála chónaithe seo agus an N6 GCRR atá beartaithe, agus an Tionscadal, sa chaoi is go bhféadfaí an dá cheann a chur i bhfeidhm gan bheith ag teach salach ar a chéile. Mínítear thíos gach cás a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le seicheamhú na tógála gan bheith ag teacht salach ar an bhforbairt eile.

Léirítear i Pláta 5.8 an cás ina dtógtar an N6 GCRR atá beartaithe i dtosach laistigh de na tailte arna bhfáil faoi Scéim Mótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018. Déantar uasghrádú ar Thimpeallán Ghort na Bró go hacomhal le comharthaí ag a bhfuil áiseanna iomlána coisithe agus rothaíochta mar chuid de thógáil an N6 GCRR atá beartaithe.





**Pláta 5.8 Mionathrú an N6 GCRR atá beartaithe arna thógáil i dtosach agus leataobh busanna ann**

Léirítear lePláta 5.9 an cás ina dtógfar an LRD i ndiaidh an N6 GCRR atá beartaithe a chur i gcrích. Déanfar mionathrú ar Bhóthar Rochtana AR 06/04 mar chuid de thógáil an LRD chun bheith mar an gcéanna le ABP-318687-23 (cead Ghleann Bheatha) chun go mbeadh rochtain ar dhá thaobh den bhóthar rochtana le haghaidh an LRD. Beidh na hoibreacha teoranta do thailte laistigh den LRD, agus na hoibreacha ar Ghort na Bró á gcoinneáil mar a tógadh cheana féin faoin N6 GCRR atá beartaithe.





**Pláta 5.9 LRD a thógfar i ndiaidh an N6 GCRR atá beartaithe a chur i gcrích**

Léirítear le Pláta 5.10 an cás ina dtógfar an LRD sula dtógtar an N6 GCRR atá beartaithe. Tógfar méideanna iomlána an LRD de réir ABP-318687-23 (cead Ghleann Bheatha). Ní áirítear leis comharthaíocht Thimpeallán Ghort na Bró.




**Pláta 5.10 LRD arna thógáil roimh an N6 GCRR atá beartaithe**

Léirítear lePláta 5.11 an cás ina dtógtar an N6 GCRR atá beartaithe i ndiaidh an LRD a chur i gcrích. Ní dhéanfar aon athrú ar an mBóthar Ceangail AR 06/04 mar chuid de thógáil an N6 GCRR atá beartaithe mar beidh gach athrú riachtanach ar an mbóthar ceangail sin curtha i bhfeidhm cheana féin de bhun an LRD. Déanfar mionathrú ar an leagan amach feadh Ghort na Bró chun bheith mar an gcéanna leis an N6 GCRR atá beartaithe lena n-áirítear comharthaíocht Thimpeallán Ghort na Bró.




**Pláta 5.11 N6 GCRR atá Beartaithe arna Thógáil i nDiaidh an LRD a Chur i gCrích**

Níl aon choimhlint idir an N6 GCRR atá beartaithe agus an fhorbairt mhórscála chónaithe. Beag beann ar seicheamhú, rinneadh measúnú ar an dá chás agus níl aon difríocht idir na measúnuithe.

Seo a leanas liosta de na bóithre rochtana a aithníodh sa Tionscadal. Bóithre príobháideacha a bheidh sna bóithre rochtana seo ag a mbeidh ceart slí príobháideach ar fáil do na páirtithe sin a liostaítear i dTábla 5.15 thíos faoin uimhir thagartha. Tá na bóithre rochtana fós mar an gcéanna agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018 a cuireadh isteach gan AR 06/04 agus AR 13/02 a áireamh mar a thugtar faoi deara in Alt 5.2 agus mar a shonraítear thuas. Tá líníochtaí de shonraí teorann an úinéara talún agus de na hoibreacha áise sin ar fáil i bhFíoracha 5.6.01 go 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo.

**Tábla 5.15 Bóithre Rochtana**

